




Commission for
Communications Regulation

Ráiteas Straitéise maidir le Cumarsáid Leictreonach

2014 > 2016

Tagairt: ComReg 14/75

Dáta: 17 Iúil 2014





Commission for
Communications Regulation

Ráiteas Straitéise maidir le Cumarsáid Leictreonach **2014 > 2016**

Ní doiciméad dlí ceangailteach an doiciméad seo agus ní chuimsíonn sé comhairle dlí, tráchtála, airgeadais theicniúil ná aon chomhairle eile ach oiread. Níl an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide faoi cheangal aige, ná ní hé gur mar a chéile é sin a leagtar amach seasamh críochnaitheach nó cinntitheach an Choimisiúin maidir le hábhair ar leith. Sa chás go mbeadh aon neamhréireacht idir ábhar an doiciméid seo agus a fheidhmiú cúí dá fheidhmeanna agus chumhachtaí, agus idir a fheidhmiú dá dhualgais agus an bhaint amach cuspóirí ábhartha faoi réir an dlí, ní dhéanann an t-ábhar sin dochar do sheasamh dlíthiúil an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide. Dá bhrí sin, níor cheart iontaoibh mhíchuí a chur in ábhar an doiciméid seo.

Clár Ábhair

Réamhrá ón gCathaoirleach	4
1. Leagtar amach i straitéis ComReg conas a shaothróimid ár spriocanna	8
2. Sracfhéachaint ar an Straitéis	10
3. Léiríonn tosaíochtaí straitéiseacha ComReg an timpeallacht reatha agus an timpeallacht sa todhchaí	12
3.1 Tá sochair níos mó á soláthar ag margaí cumarsáide leictreonaí do roinnt mhaith tomhaltóirí	13
3.2 Tá an timpeallacht ina rialálann ComReg ag athrú	19
3.3 Cuireann treochtaí earnála dúshláin ar ComReg	22
4. Tomhaltóirí a Chosaint agus a Chumhachtú	26
4.1 A chinntiú go bhfreastalaítear go cuí ar na bunriachtanais chumarsáide leictreonaí atá ag gach tomhaltóir, lena n-áirítear iad siúd faoi mhíchumas	28
4.2 Leanúint lena chinntiú go gcosnaítear an rochtain ar sheirbhísí 112/999 de réir mar a leanann athruithe teicneolaíochta agus reachtaíochta de theacht aníos	29
4.3 Eispéireas na dtomhaltóirí i leith conarthaí agus aistriú a bharrfheabhsú	30
4.4 Leanúint le leasanna na dtomhaltóirí ina dteagmháil le seirbhísí ardráta (PRS) a chosaint	32
4.5 Spreagadh a thabhairt do sholáthraithe seirbhísí seasamh le cearta tomhaltóirí agus seirbhís do chustaiméirí a sholáthar	34
4.6 A éifeachtaí atá an fhaisnéis a thugann ComReg do thomhaltóirí agus an chumarsáid a dhéanann sé le tomhaltóirí a uasmhéadú	35
5. Iomaíocht Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn	36
5.1 Cur chun feidhme éifeachtach na réiteach mórdhíola atá ann cheana a chinntiú, agus an cur chuige á choigeartú ar aon dul le tosaíochta	38
5.2 Iomaíocht chóir bheoga a chur chun cinn in ionad margaidh ina roghnaíonn úsáideoirí idir táirgí traidisiúnta agus táirgí nua, agus idir táirgí aonair agus cuachtaí	39
5.3 A chinntiú go léiríonn tairiscintí mórdhíola teicneolaíocht líonra leagáide agus teicneolaíocht líonra na chéad ghlúine eile le go gcuirtear iomaíocht chun cinn bunaithe ar an leibhéal bonneagair is doimhne is féidir	40

5.4 Iomaíocht agus infheistíocht a chur chun cinn agus leasanna na n-úsáideoirí i limistéir atá níos gainne ó thaobh an daonra de a chosaint	40
5.5 Oibriú chun a chinntiú gur saor ó shaobhadh iomaíochta atá margaí móibíleacha	41
6. Nuálaíocht, Infheistíocht agus an Margadh Inmheánach a Éascú	42
6.1 A spreagadh go gcuirtear Rochtain na Chéad Ghlúine Eile (NGA) i bhfeidhm a mhéad is féidir	44
6.2 Straitéis maidir leis an mBanda UHF (470 - 790 MHz) a thabhairt chun críche	44
6.3 Speictream breise a scaoileadh le haghaidh Leathanbhanda gan Sreang	45
6.4 Tástáil agus Triail Éireann: Clár Oibre Taighde agus Forbartha na hÉireann a Chur Chun Cinn	46
7. A bheith mar Eagraíocht Éifeachtach agus Aclaí	48
7.1 Ár ndaoine a fhorbairt trí scileanna agus eolas a fheabhsú	50
7.2 Próisis rialála agus chinnteoireachta atá tráthúil agus láidir a chumasú	50
7.3 A éifeachtaí agus a éifeachtúla atá próisis ghnó ComReg a fheabhsú	50
7.4 Eolas a dhéanamh do thimpeallacht náisiúnta agus idirnáisiúnta rialála a fhorbairt	51
7.5 Rannpháirtíocht a éascú chun a chinntiú go dtuigeann páirtithe leasmhara gach a ndéanaimid	51
Iarscríbhinn: 1	
Acrainmneacha agus Giorrúcháin	52
Iarscríbhinn: 2	
Tábla Fíoracha agus Táblaí	54
Iarscríbhinn: 3	
Forbhreathnú ar Chreat ComReg	56



Réamhrá ón gCathaoirleach

Tá ríméad orm Ráiteas Straitéise ComReg don Chumarsáid Leictreonach le haghaidh na tréimhse 2014-16 a chur i láthair. Tá an doiciméad seo á fhoilsiú i dteannta dhoiciméad 14/74 ó ComReg ina bhfreagraítear go mion d'ábhair a d'ardaigh freagróirí dár gcomhairliúchán ar ár nDréacht-Ráiteas Straitéise. Rinneamar na barúlacha luachmhara sin a bhreithniú go cúramach agus rinneamar roinnt leasuithe ar an Ráiteas Straitéise seo. Chomh maith leis sin, chuireamar míreanna nua san áireamh inár bPlean Gníomhaíochta Bliantúil.

Léirigh ár gcomhairliúchán comhdhearcadh na coitiantachta i dtaca leis na dúshlán os comhair na hearnála agus leag sé béim ar na nithe ar éirigh leis an earnáil iontu le linn thréimhse an Ráitis Straitéise roimhe sin. Le linn na tréimhse sin, d'éirigh iomaíocht i ngach margadh cumarsáide miondíola níos déine, rud a léirítear leis an tionchar atá ag iontrálaithe nua, le tabhairt isteach na gcuachtaí nua seirbhís thriarach agus seirbhís cheathrúil agus leis an infheistíocht shuntasach i líonraí na chéad ghlúine eile. Dea-scéala a bhí sna nithe sin do thomhaltóirí na hÉireann, a bhain leas as rogha mhéadaithe i soláthraithe agus i seirbhísí agus as praghsanna níos iomaíche.

De réir mar a théimid isteach sa tréimhse straitéise nua seo, tá infheistíocht i líonraí Rochtana na Chéad Ghlúine Eile agus i líonraí móibleacha 4G ag luathú. Ar thaobh an líonra sheasta, d'uasghrádaigh UPC a líonra cábla chun luasanna leathanbhanda os cionn 100Mbit/s a chur ar fáil. Faoi láthair, téann líonra UPC thar 750,000 teach (nó 45% de theaghlaigh) agus shroich clúdach líonra snáithín na chéad ghlúine eile de chuid Eircom 800,000 áitreabh faoi dheireadh mhí an Mhárta 2014 mar chuid de chur i bhfeidhm pleanáilte chun 1.4 milliún áitreabh a chlúdach. Mar thoradh air sin, tá tomhaltóirí ag baint leas as luasanna leathanbhanda atá i bhfad níos gasta. Tá méadú suntasach tagtha le 12 mhí anuas ar naisc atá níos mó ná 30Mbps.

Bhuntacaigh rialáil chúil leis na forbairtí suntasacha margaidh sin. Ar thaobh an líonra sheasta, ba iad táirgí mórdhíola na glúine reatha ar a bhfuil praghsanna cuí, lena n-áirítear Cíos Líne Mórdhíola, seirbhísí Sruth Giotán, agus Díchuachadh Lúibe Áitiúla, ba chúis le fás na dtairiscintí miondíola. Tá sé róluath fós le forbairt na hiomaíochta miondíola a mheas bunaithe ar Shruth Giotán na chéad ghlúine eile nó ar Rochtain Dhíchuachta Fhíorúil na chéad ghlúine eile. Mar sin féin, baineann tábhacht le glacadh rathúil leis na tairiscintí sin maidir le méaduithe leantacha ar an iomaíocht mhiondíola agus is pointe fócasach do ComReg é le linn na tréimhse straitéise seo.

Éilíonn na forbairtí margaidh sin go gcuireann Eircom seirbhísí mórdhíola ardchaighdeáin ar fáil. Is féidir le clár deonach 'athchóiriú mórdhíola' Eircom cur ar fáil a dhéanamh ar dhearbhuille breise, atá lasmuigh díobh sin a shainordaítear le rialáil, nach bhfuil aon idirdhealú ar siúl. Le himeacht ama, féadann próisis éifeachtacha 'athchóiriú mórdhíola' a bheith ina gcúis le gá laghdaithe le maoirseacht rialála. Tugann ComReg spreagadh do Eircom an clár 'athchóiriú mórdhíola' a dhoimhniú agus a fhorbairt.

De bhreis ar an dul chun cinn atá déanta ar chur i bhfeidhm líonra seasta na chéad ghlúine eile, chumasaigh ceant speictream ilbhanda ComReg in 2012 infheistíocht i 4G agus leathnú an loirg 3G. Tá oibritheoirí ag dul ar an mbóthar ceart chun comhlíonadh a dhéanamh ar an tiomantas a thug siad go gclúdófaí 70% den daonra faoi mhí Eanáir 2016 toisc go bhfuil seirbhísí 4G á gcur ar fáil sna cathracha móra ag 3 sholáthraí faoi láthair.

Mar sin féin, tá dúshlán shuntasacha os comhair na hearnála, rud a n-admhaíonn freagróirí don chomhairliúchán é. Mar gheall ar ár ndéimeagrafach tuaithe, dúshlán tábhachtach is ea seirbhísí leathanbhanda ardluais a thabhairt chuig gach limistéar sa tír. Le linn na tréimhse straitéise 2014-16, beidh ComReg aireach ar na riachtanais atá ag pobal tuaithe na hÉireann. Ba cheart go mbeadh tionchar dearfach ag bearta rialála, ar nós Oibleagáidí Seirbhíse Uilíche, mar aon le tionscnaimh Rialtais, go háirithe tiomantas an Rialtais do mhórhíneadh starrach líonra teileachumarsáide do thuath na hÉireann. D'fhógair Pat Rabbitte, TD, an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha, an 25 Aibreán 2014 gur cloch coirnéil d'infheistíocht an Rialtais faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda a bheidh i gcur i bhfeidhm an líonra snáithín.

Réamhrá ón gCathaoirleach

Is é an t-aon mhór-réimse imní eile ná an méadú ginearálta ar ghearáin ó thomhaltóirí. Tá sé beartaithe ag ComReg leanúint lena ghníomhaíochtaí comhlíonta agus bearta nua beartais a thabhairt ar aghaidh chun dul i ngleic le roinnt príomhthéamaí bunúsacha - áirítear leo sin aghaidh a thabhairt ar dhídhreasuithe chun soláthraithe a aistriú, aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a bhaineann le táille a ghearradh ar sheirbhísí nár cuireadh ar fáil nó nár iarradh, agus follasacht bhreise a chur ar fáil maidir le téarmaí agus coinníollacha.

Ó thaobh forbairtí nua margaidh de, d'fhógair an Coimisiún Eorpach i mí na Bealtaine go ndearna sé cur i gcrích ar a imscrúdú ar éadail bheartaithe Telefónica Ireland Limited (O2) ag Hutchison 3G UK Holdings Limited (Hutchison). Chinn an Coimisiún Eorpach go coinníollach an éadail bheartaithe a fhorghnó ar bhonn na dtiomantais a thug Hutchison ar aghaidh. Tá ComReg den tuairim láidir go fóill go bhféadfadh comhdhlúthú san earnáil mhóibíleach leas an phobail a chur i gcontúirt agus go bhfuil gach seans ann nach ndéanadh na tiomantais do sheirbhísí mórdhíola MVNO an dochar do thomhaltóirí a mhaolú. Mar sin féin, fáiltíonn ComReg roimh an deireadh leis an éiginnteacht a bhain leis an éadail agus tá sé ag súil leis an infheistíocht líonra réamh-mheasta. Leanfaidh ComReg ar aghaidh ag déanamh monatóireacht ar dhinimic iomaíochta na margaí móibíleacha, agus tá sé beartaithe aige speictream raidió breise a scaoileadh d'fhonn iomaíocht a chur chun cinn agus nuálaíocht agus infheistíocht líonra a chur chun cinn tuilleadh.

De réir mar a bhreathnaímid ar a bhfuil romhainn, agus fiú níos faide anonn ná deireadh an Ráiteas Straitéise seo, tugann ComReg dá aire go bhféadfadh roinnt forbairtí níos fadtéarmaí tionchar a imirt ar an earnáil agus ar an dóigh a rialálann ComReg í. Ós rud é go mbeidh Coimisiún Eorpach nua i bhfeidhm san Fhómhar i mbliana, is dócha go ndéanfar athbhreithniú ar an gCreat Rialála Eorpach.

Bheimis ag súil go ndéanadh aon leasuithe molta roinnt de na moltaí atá in 'Ilchríoch Nasctha' a thabhairt ar aghaidh, an creat a athrú chun dáta i bhfianaise athruithe ar an teicneolaíocht agus ar na margaí araon ón mbliain 2009 i leith, díriú ar chomhchuíbhiú méadaithe agus díriú ar bhealach athnuaite ar chosaint tomhaltóirí.

Le linn na tréimhse straitéise seo, leanfar leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ar an díospóireacht le haghaidh speictream breise do leathanbhanda gan sreang laistigh de chomhlachtaí amhail an Grúpa Beartais um Speictrim Raidió de chuid an Choimisiúin Eorpaigh agus Comhdháil Raidió Dhomhanda an Aontais Idirnáisiúnta Teileachumarsáide in 2015. De bhreis ar bhandaí breise a chur ar fáil, aithnímid an tábhacht a bhaineann le teacht chun cinn an phlean shoiléir maidir le saorchraoltóireacht uilíoch, rud a sholáthróidh soiléireacht faoin mbanda UHF, agus faoin mbanda 700MHz go háirithe. Brúfaidh bandaí nua tuilleadh infheistíochta i líonraí 4G chun cinn faoi seach, rud a chumasóidh tuilleadh deiseanna le haghaidh infheistíochta, seirbhíse agus iomaíochta.

Is é is aidhm don Ráiteas Straitéise treoir a thabhairt do pháirtithe leasmhara faoinár dtosaíochtaí agus faoinár gcur chuige don tréimhse 2014-16. Clúdaítear gníomhartha sonracha chun aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí sin inár bPleananna Gníomhaíochta Bliantúla don tréimhse 2014-15 agus don tréimhse 2015-16. Anuas air sin, déanfaimid ár Ráiteas Straitéise um Bainistiú an Speictrim Raidió a athnuachan. Foilseoimid Straitéis nua ar leith le haghaidh na Seirbhíse Poist a Rialáil in am trátha.

Is léir gur tréimhse atá lán de dhúshláin agus de dheiseanna a bheidh sa tréimhse straitéise le teacht agus, go deimhin, sa tréimhse ina diaidh. De réir mar a mhéadaíonn feidhmiú an líonra snáithín, osclaítear na féidearthachtaí a bhaineann le luasanna leathanbhanda Gigighiotáin agus le seirbhísí siméadracha Gigighiotáin.

Níl aon amhras ach go dtabharfar seirbhísí agus deiseanna nua do shaoránaigh agus do ghnóthais na hÉireann le seirbhísí néalríomhaireachta, le feidhmchláir nua Idirlín nach bhfuiltear ag súil leo, le hidirlíon na nEarraí agus le seirbhísí cumarsáide os cionn na seirbhíse Idirlín (OTT). Níl aon amhras ach oiread ach go mbainfidh bacainní agus dúshlán iomaíochta leo freisin. Is maith is eol do ComReg go bhfuil rannpháirtithe domhanda Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) lonnaithe in Éirinn agus go bhfuil bonneagar ardchaighdeán ag teastáil uathu.

Táimid eolach freisin ar na riachtanais atá ag éiceachóras digiteach méadaitheach na hÉireann. Is é an dúshlán bunúsach ar rialálaithe agus ar an lucht déanta beartas ná a chinntiú go ngluaiseann an creat rialála leis an réaltacht teicneolaíochta agus ionad margaidh, agus go n-éascaítear an infheistíocht bhreise riachtanach go hiomlán. Tá ComReg ag súil leis an dúshlán sin agus leis na buntáistí gaolmhara do thomhaltóirí na hÉireann a réadú.

Kevin O'Brien

Cathaoirleach



Caibidil 1:

Leagtar amach
i straitéis

ComReg conas a
shaothróimid ár
spriocanna

Leagtar amach i straitéis ComReg conas a shaothróimid ár spriocanna

1. Rialálaí earnáil chumarsáide na hÉireann is ea ComReg. Rialálaimid margaí le haghaidh seirbhísí agus líonraí cumarsáide leictreonáí, bainistimid an speictream raidió agus rialálaimid seirbhísí poist freisin.
2. Déileálann an ráiteas straitéise seo lenár ról mar rialálaí ar na margaí le haghaidh seirbhísí agus líonraí cumarsáide leictreonáí. Tugann an ráiteas seo faoin tionchar atá ag bainistíocht speictrim ar na margaí sin freisin. Is i ráitis ar leith a leagtar amach ár straitéis mhionsonraithe le haghaidh bainistíocht speictrim agus straitéis le haghaidh rialáil na seirbhísí poist.
3. Tá sé de cheangal orainn, de réir an dlí, ráiteas straitéise a fhoilsiú gach dara bliain. Úsáidimid an ráiteas ar mhaithe le dhá chuspóir phríomha:
 - › Chun treoir faoi na tosaíochtaí rialála agus faoin gcur chuige rialála sa todhchaí a thabhairt do thomhaltóirí, do rannpháirtithe margaidh agus do gheallsealbhóirí eile agus do pháirtithe leasmhara;
 - › Chun uirlis ar féidir linn úsáid a bhaint aisti a thabhairt do lucht bainistíochta ComReg chun cabhrú linn ár n-acmhainní ganna a leithdháileadh ar bhealach a bhfuil an tionchar is mó aige ar ár spriocanna eagraíochta.
4. Ní thugann an straitéis seo réamhbhreithiúnas ar aon chinntí a dhéanfaidh ComReg sa todhchaí ná ní dhéanann sí ceangal ná teorannú ar ComReg a lánrogha féin a fheidhmiú agus cinntí sa todhchaí á ndéanamh aige, de réir an dlí is infheidhme agus bunaithe ar na nithe a mheasann ComReg a bheith ar na fíricí ábhartha.
5. Chun críocha na straitéise seo, shainaithníomar ceithre sprioc ardleibhéil:
 - › Tomhaltóirí a chosaint agus a chumhachtú;
 - › Iomaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn;
 - › Nuálaíocht, infheistíocht agus an margadh inmheánach a éascú;
 - › A bheith mar eagraíocht éifeachtach agus aclaí.
6. Sa ráiteas straitéise seo, déanaimid measúnú ar dtús ar a oiread is atá na ceithre sprioc ardleibhéil á mbaint amach, agus ar na treochtaí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm uirthi sin sna blianta beaga romhainn. Ina dhiaidh sin, déanfaimid na nithe seo a leanas le haghaidh gach cinn de na spriocanna ardleibhéil:
 - › Tosaíochtaí straitéiseacha do ComReg a shainaithint, le gur féidir iad a sholáthar ar an mbealach is fearr sa dá bhliain romhainn;
 - › Cur síos a dhéanamh ar conas a bheartaímid aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí straitéiseacha sin.
7. Foilseofar gníomhaíochtaí pleanáilte mionsonraithe ComReg (Plean Gníomhaíochta Bliantúil), a dhéanfar chun an straitéis deiridh a bhaint amach, gach bliain le haghaidh 2014-2015 agus 2015-2016.

Caibidil 2: Sracfhéachaint ar an Straitéis

MISEAN COMREG

Trí rialáil éifeachtach ábhartha, cabhrú le hearnáil chumarsáide iomaíoch a fhorbairt in Éirinn a mheallann infheistíocht, a spreagann nuálaíocht agus a chumasaíonn tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach.

LUACHANNA COMREG

Ionracas
Neamhchlaontacht
Éifeachtacht
Feabhas
Follasacht

TOMHALTÓIRÍ A CHOSAINN AGUS A CHUMHACHTÚ



PRÍOMHDHÚSHLÁIN do 2014-16

Oibleagáidí seirbhíse bunúsaí (seirbhís uilíoch san áireamh) a choinneáil cothrom le dáta de réir mar a athraíonn an teicneolaíocht.

ÁR dTOSAÍOCHTAÍ do 2014-16

A chinntiú go bhfreastalaítear go cuí ar na bunriachtanais chumarsáide leictreonaí atá ag gach tomhaltóir, lena n-áirítear iad siúd faoi mhíchumas

Leanúint lena chinntiú go gcosnaítear an rochtain ar sheirbhísí 112/999 de réir mar a leanann athruithe teicneolaíochta agus reachtaíochta de theacht aníos

Leanúint le leasanna na dtomhaltóirí ina dteagmháil le seirbhísí ardráta (PRS) a chosaint

Laghdú a dhéanamh ar chásanna nach dtugann a soláthraí seirbhísí aghaidh ar chearta to mhaltóirí.

Eispéireas na dtomhaltóirí i leith conarthaí agus aistriú a bharrfheabhsú

Spreagadh a thabhairt do sholáthraithe seirbhísí seasamh le cearta tomhaltóirí agus seirbhís do chustaiméirí a sholáthar

Cur ar chumas tomhaltóirí roghanna eolasacha a dhéanamh nuair atá táirgí agus tairiscintí ag éirí níos casta.

A éifeachtaí atá an fhaisnéis a thugann ComReg do thomhaltóirí agus an chumarsáid a dhéanann sé le tomhaltóirí a uasmhéadú



A BHEITH MAR EAGRAÍOCHT ÉIFEACHTACH AGUS ACLAÍ

PRÍOMHDHÚSHLÁIN do 2014-16

ÁR dTOSAÍOCHTAÍ do 2014-16

IOMAÍOCHT INBHUANAITHE A CHUR CHUN CINN

PRÍOMHDHÚSHLÁIN do 2014-16	ÁR DTOSAÍOCHTAÍ do 2014-16
<p>An treocht um iomaíocht mhiondíola mhéadaitheach a choinneáil</p> <p>Iomaíocht bunaithe ar bhonneagar a chumasú ach glúine éagsúla teicneolaíochta a úsáid</p> <p>Na buntáistí a bhaineann tomhaltóirí as iomaíocht bhonneagair a uasmhéadú i limistéir atá níos dlúithe ó thaobh an daonra de, agus leasanna na dtomhaltóirí a chosaint i limistéir nach bhfuil an iomaíocht dea-bhunaithe iontu</p>	<p>Cur chun feidhme éifeachtach na réiteach mórdhíola atá ann cheana a chinntiú, agus an cur chuige á choigeartú ar aon dul le tosca iomaíochta</p> <p>Iomaíocht agus infheistíocht a chur chun cinn agus leasanna na n-úsáideoirí i limistéir atá níos gainne ó thaobh an daonra de a chosaint</p> <p>Iomaíocht chóir bheoga a chur chun cinn in ionad margaidh ina roghnaíonn úsáideoirí idir táirgí traidisiúnta agus táirgí nua, agus idir táirgí aonair agus cuachtaí</p> <p>A chinntiú go léiríonn tairiscintí mórdhíola teicneolaíocht líonra leagáide agus teicneolaíocht líonra na chéad ghlúine eile le go gcuirtear iomaíocht chun cinn bunaithe ar an leibhéal bhonneagair is doimhne is féidir</p> <p>Oibriú chun a chinntiú gur saor ó shaobhadh iomaíochta atá margáí móibíleacha</p>

NUÁLAÍOCHT, INFHEISTÍOCHT AGUS AN MARGADH INMHEÁNACH A ÉASCÚ

PRÍOMHDHÚSHLÁIN do 2014-16	ÁR DTOSAÍOCHTAÍ do 2014-16
<p>Infheistíocht leantach i leathanbhanda ardluais a chumasú</p>	<p>A spreagadh go gcuirtear Rochtain na Chéad Ghlúine Eile (NGA) i bhfeidhm a mhéad is féidir</p>
<p>Speictream a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais éagsúla na sochaí</p>	<p>Straitéis maidir leis an mbanda UHF (470 - 790 MHz) a thabhairt chun críche</p> <p>Speictream breise a scaoileadh le haghaidh leathanbhanda gan sreang</p> <p>Tástáil agus Triail Éireann: Clár oibre taighde agus forbartha na hÉireann a chur chun cinn</p>

Freagairt go mear do mhóráthruithe beartais agus margaidh laistigh de shrianta chun acmhainní a chosaint


Ár ndaoine a fhorbairt trí scileanna agus eolas a fheabhsú

Próisis rialála agus chinnteoireachta atá tráthúil agus láidir a chumasú

A éifeachtaí agus a éifeachtúla atá próisis ghnó ComReg a fheabhsú

Eolas a dhéanamh do thimpeallacht náisiúnta agus idirnáisiúnta rialála a fhorbairt

Rannpháirtíocht a éascú chun a chinntiú go dtuigeann páirtithe leasmhara gach a ndéanaimid



Caibidil 3:

Léiríonn
tosaíochtaí
straitéiseacha
ComReg an
timpeallacht
reatha agus an
timpeallacht sa
todhchaí

Léiríonn tosaíochtaí straitéiseacha ComReg an timpeallacht reatha agus an timpeallacht sa todhchaí

8. Sa chaibidil seo, déanaimid measúnú ar a oiread is atá spriocanna ComReg á mbaint amach faoi láthair. Déanaimid measúnú freisin ar conas a chruthaíonn an timpeallacht athraitheach deiseanna le haghaidh ár spriocanna a bhaint amach ar bhealach feabhsaithe, cé go bhféadfadh siad bagairtí a chruthú do leasanna na dtomhaltóirí, do chur chun cinn na hiomaíochta agus d'infheistíocht agus do nuálaíocht leantach ag an am céanna.
9. Bunaithe ar an measúnú sin, tagaimid ar thosaíochtaí straitéiseacha don dá bhliain romhainn.
10. Mar achoimre, aimsimid:
 - › Go bhfuil sochair níos mó á soláthar ag margaí cumarsáide leictreonaí ná a soláthraíodh roimhe seo do roinnt mhaith tomhaltóirí;
 - › Go bhfuil an timpeallacht ina rialálann ComReg ag athrú;
 - › Go gcruthaíonn treochtaí na hearnála dúshlán nach mór dár straitéis iarracht a dhéanamh aghaidh a thabhairt orthu.

3.1 Tá sochair níos mó á soláthar ag margaí cumarsáide leictreonaí do roinnt mhaith tomhaltóirí

11. Cuimsíonn an chuid seo measúnú ar a oiread is atá spriocanna ComReg á mbaint amach faoi láthair. Scrúdaíonn sí cé acu a dhéanann, nó nach ndéanann, margaí cumarsáide leictreonaí in Éirinn freastal ar leasanna na dtomhaltóirí agus feidhmiú go hiomaíoch agus cé acu atá, nó nach bhfuil, nuálaíocht agus infheistíocht mar shaintréithe díobh. Ina theannta sin, cuimsíonn sí measúnú ar a oiread is atá ComReg ag baint amach a sprice chun a bheith mar eagraíocht éifeachtach agus aclaí.
12. Agus an measúnú seo á dhéanamh againn, d'fhéachamar go príomha ar threochtaí laistigh de mhargadh na hÉireann agus ar conas a éiríonn le margaí cumarsáide leictreonaí in Éirinn i gcomparáid le hearnálacha eile.
13. Is é an chonclúid fhoriomlán ar thángthamar uirthi ná go bhfuil ag éirí go measartha maith le margaí maidir le roinnt mhaith tomhaltóirí. Tá an fháil ar ardseirbhísí agus an méid a ghactar ardseirbhísí ag fás, tá rogha ag méadú, tá praghsanna ag titim agus tá infheistíocht i líonraí rochtain Idirlín ardluais agus i líonraí móibíleacha 4G ag luathú.
14. Mar sin féin, tá an margadh ag soláthar ar ráta níos moille do thomhaltóirí i limistéir atá níos gainne ó thaobh an daonra de - go háirithe i dtaca leis an bhfáil ar sheirbhísí seasta sonraí ardluais agus ar sheirbhísí móibíleacha sonraí ardluais araon.
15. An t-aon réimse imní eile a shainníomar ná an fás ar ghearáin ó chustaiméirí. Léiríonn sé sin gur féidir go bhfuil ag teip ar roinnt soláthraithe seirbhísí ionchais a dtomhaltóirí a chomhlíonadh agus gur féidir go bhfuil ag teip orthu seasamh le cearta na dtomhaltóirí faoin dlí.

Caibidil 3: Léiríonn tosaíochtaí straitéiseacha ComReg an timpeallacht reatha agus an timpeallacht sa todhchaí


Tá an margadh ag freastal go maith ar leasanna roinnt mhaith tomhaltóirí

16. Agus measúnú á dhéanamh againn ar cé chomh maith is atáthar ag freastal ar leasanna na dtomhaltóirí, d'fhéachamar ar an bhfáil ar ardseirbhísí agus ar an méid a ghlactar ardseirbhísí, ar na praghsanna atá á ngearradh, agus ar cháilíocht na seirbhíse do chustaiméirí.

D'ainneoin geilleagar lag, tá glacadh seirbhísí ag leanúint de bheith ag fás

17. Cé go bhfuil fás geilleagrach lag ag leanúint de thionchar a imirt ar chinntí ceannaigh thomhaltóirí agus ghnóthais na hÉireann, tá fás tagtha ar an nglacadh táirgí agus seirbhísí cumarsáide ó bhliain go bliain, rud a léiríonn a thábhachtaí is atá na seirbhísí sin do thomhaltóirí (féach Fíor 2). De réir OSCE, tá cineál éigin de leathanbhanda ag thart ar 67% de theaghlaigh in Éirinn, i gcomparáid le 58% díobh in 2010.

Fíor 2: Síntiúis mhéadaitheacha mhiondíola 2011 - 2014



Foinse: Ceistneoir Ráithiúil Eochairshonraí ComReg

Tá ardseirbhísí ar fáil i roinnt mhaith limistéar in Éirinn

18. Tá uasghrádú déanta ag UPC ar a lorg cábla le teicneolaíocht DOCSIS 3.0, rud a chuireann ar a chumas luasanna leathanbhanda os cionn 100 Mbps a thairiscint do níos mó ná 40% de theaghlaigh in Éirinn. Sheol Eircom a thairiscint VDSL miondíola, ar a dtugtar eFibre, i mí na Bealtaine 2013, agus chuathas thar 800,000 teach ag deireadh mhí an Mhárta 2014¹ - méid a chomhfhreagaíonn do 47%² de na teaghlaigh uile. Tugann ComReg dá aire go bhfuil na seirbhísí sin ar fáil i limistéir uirbeacha den chuid is mó.

19. Go ginearálta, is i limistéir atá níos dlúithe ó thaobh an daonra de a bhíonn Mórlimistéir Mhalartaithe (LEAnna) agus baineann ComReg úsáid as sonraí LEA mar léiriú réasúnach chun an tsaincheist um chlúdach uirbeach/tuaithe a chur i láthair. Chun sainmhíniú iomlán ar LEA, féach ComReg 13/14³. Léirítear i dTábla 1 figiúirí le haghaidh áitribh in Éirinn a chlúdaítear le rochtain na glúine seo agus le rochtain na chéad ghlúine eile.

Tábla 1: Clúdach rochtain na glúine reatha agus na chéad ghlúine eile laistigh de LEA agus lasmuigh de

Cineál Rochtana	LEA	Lasmuigh de LEA
An chéad ghlúin eile ⁴	58.7%	1.3%
An ghlúin reatha ⁵	97.1%	84.2%


1 Féach torthaí neamhniúchta an tríú ráithe agus naoi mí de chuid eircom Holdings (Éire) Limited, 31 Márta 2014.
 2 Bunaithe ar líon measta teaghlach 1,699,100 ó shuirbhé QNHS (Suirbhéireacht Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh) na Príomh-Oifige Staidrimh.
 3 ComReg 13/14: Rialáil Phraghsanna ar Thairiscintí Cuachta, Sonraíocht bhreise um oibleagáidí áirithe rialú praghsanna i Margadh 1 agus i Margadh 4.
 4 Bunaithe ar chlúdach ó cháblaí VDSL agus DOCSIS 3.
 5 Bunaithe ar chlúdach DSL.

Tá praghsanna na cumarsáide leictreonaí ag titim, ní hionann is praghsanna miondíola i gcoitinne

20. Sa 12 mhí go dtí mí an Mhárta 2014, tháinig laghdú 4.7% ar an bpraghas a bhí á ghearradh ar mheánbhascaed cumarsáide i gcomparáid le méadú 0.4% ar na praghsanna a bhí á ngearradh ar gach earra agus seirbhís tomhaltais. Léirítear i bhFíor 3 boilsciú praghsanna cumarsáide i gcoibhneas le boilsciú praghsanna iomlán maidir le gach earra agus seirbhís tomhaltais.

Fíor 3: Tá praghsanna cumarsáide ag laghdú níos mó ná praghsanna foriomlána do thomhaltóirí

An Praghsinnéacs Thomhaltóirí agus Cumarsáid Fo-chomhpháirt, Nollaig 2011 = 100




Tá gearáin ó chustaiméirí ag ardú

21. Is é is aidhm do ComReg tomhaltóirí a chumhachtú chun beart díreach a dhéanamh maidir le drochsholáthar seirbhíse, le cáilíocht mhíshásúil nó le saincheistanna eile. Ní ghlacann ComReg le gearáin ó thomhaltóirí ach amháin nuair atá an tomhaltóir míshásta leis an bhfreagairt a thug an t-oibríteoir. In 2013, thaifead ComReg méadú suntasach ar líon na ngearán ó thomhaltóirí a fuarthas. Is léiriú é sin gur ag laghdú atá feidhmíocht roinnt soláthraithe seirbhísí maidir le haghaidh a thabhairt ar riachtanais agus ar chearta a gcustaiméirí (féach Fíor 4).


22. Ar an láimh eile, tá gearáin faoi sholáthraithe Seirbhísí Ardráta ag laghdú, mar a léirítear i bhFíor 5. D'fhéadfadh sé sin a léiriú go bhfuil an cód cleachtas um sheirbhísí ardráta (PRS) a tugadh isteach in 2012 á chomhlíonadh ar leibhéal níos airde ag soláthraithe. Mar sin féin, tá teagmhálacha PRS le ComReg ar leibhéal ard go fóill.

Fíor 4: Líon ard gearán ó thomhaltóirí le déanaí



23. Leagtar amach i bhFíor 5 cineál an-éagsúil na ngearán. Ba iad teagmhálacha gan iarraidh agus pionóis chealúcháin na catagóirí ina raibh na méaduithe ba mhó agus leanann gearáin faoi bhilleáil, faoi dhíolacháin, faoi aistriú, faoi inaistritheacht uimhreach agus faoi théarmaí agus coinníollacha de bheith ar na gearáin is coitianta.

Fíor 5: Cineálacha gearán ó thomhaltóirí (gan gearáin PRS a áireamh)



Caibidil 3: Léiríonn tosaíochtaí straitéiseacha ComReg an timpeallacht reatha agus an timpeallacht sa todhchaí


Tá iomaíocht i margaí miondíola ag éirí níos déine

- Bheadh an chosúlacht ar an scéal go bhfuil tomhaltóirí níos comhfhiosaí ar phraghsanna mar thoradh ar an timpeallacht mhaicreacnamaíoch dhúshlánach, rud atá ina chúis faoi seach le meath ar ioncam tionscail, cé go bhfuil méadú measartha tagtha ar mhéid an éilimh ag an am céanna. Is cosúil gur fhreagair oibritheoirí don mheath seo trí chostais a chiorrú, mar shampla trí dhul isteach i gcomhaontuithe comhroinnt líonra.
- Níor dhíspreag an timpeallacht sin iontráil nua ag an leibhéal miondíola i margaí seasta ná i margaí móibíleacha. Tá athdhíoltóirí ag baint tuilleadh úsáide as táirgí mórdhíola, agus tá margaí miondíola le haghaidh cumarsáid leictreonach níos neamhdhlúithe dá bharr.

Tá fás geilleagrach lag mar chúis le meath ar ioncam san earnáil chumarsáide

- D'fhan fás geilleagrach lag in Éirinn in 2013 toisc go raibh leibhéal olltáirgeacht intíre (GDP) 7.5% ní b'airde ag praghsanna margaidh seasmhacha (i ráithe 4, 2013) ná a bhí siad sa tréimhse chomhfhreagrach dhá bhliain ó shin, ach bhí siad 6.2% ní b'ísle ná sa tréimhse chomhfhreagrach in 2007.
- Lean ioncam miondíola a d'fhabhraigh ón earnáil chumarsáide dá threocht anuas; bhí laghdú 2.9% ar ioncam iomlán miondíola cumarsáide sa bhliain go dtí ráithe 4, 2013 (féach Fíor 6). Ba iad fás geilleagrach lag agus praghsanna laghdaitheacha cumarsáide na príomhthosca a chruthaigh an tionchar diúltach sin ar ioncam oibritheoirí.

Fíor 6: GDP agus Ioncam Cumarsáide laghdaitheach 2011 - 2013



Tá iomaíocht i margaí miondíola ag méadú


- D'ainneoin na timpeallachta dúshlánaí oibriúcháin, chonaiceamar iontráil Sky isteach i margadh seasta cumarsáide leictreonaí na hÉireann agus margaíocht ionsaitheach ag rannpháirtithe nua agus reatha i margaí seasta agus i margaí móibíleacha araon. Léirigh an tomhas caighdeánach ar chomhdhlúthacht an mhargaidh, is é sin Treoiruimhir Herfindahl-Hirschmann (HHI)⁶, go bhfuil meath seasmhach i ngach margadh miondíola (féach Fíor 7). Is ábhar spreagthaigh é an treocht anuas i gcomhdhlúthacht an mhargaidh, agus tá na luachanna HHI do ráithe 1 2014 go maith i gcomparáid le hearnálacha eile - 2075 le haghaidh earraí grósaeireachta⁷, 4075 le haghaidh leictreachais agus 4150 le haghaidh gáis⁸.

6 Tomhas ar chomhdhlúthacht an mhargaidh a bhfuil glacadh coiteann leis is ea HHI. Déantar í a ríomh trí sciar céatadánach gach gnólachta den mhargadh a chearnú agus na huimhreacha iarmhartacha a shuimiú. Is féidir leis an uimhir HHI bheith gar do nialas nó go 10,000 (10,000 a bheith mar mhonaplacht ag a bhfuil sciar 100% den mhargadh).

7 Tógadh HHI bunaithe ar fhaisnéis faoi na sciartha den mhargadh atá ar fáil ag <http://businessetc.thejournal.ie/kantar-supervalu-superquinn-rebranding-market-share-1369263-Mar2014/>.

8 Tógadh HHI bunaithe ar fhaisnéis faoi na sciartha den mhargadh atá ar fáil ag <http://www.cer.ie/docs/000646/CER14043%20Q3%202013%20Retail%20Market%20Report.pdf>

Fíor 7: Comhdhlúthachtaí laghdaitheacha margaidh miondíola 2011 - 2014



Foinse: An Ceistneoir Ráithiúil Eochairshonraí

29. Mar sin féin, níl iomaíocht chomh forleathan sin ag an leibhéal mórdhíola. Mar shampla, tá 43% de theaghlaiigh faoi láthair nach bhfreastalaíonn ach bonnagar rochtana leathanbhanda mórdhíola amháin orthu.


Tá nuálaíocht agus infheistíocht ag méadú, ach tá infheistíocht dírithe ar limistéir atá níos dlúithe ó thaobh an daonra de

Tá infheistíocht i líonraí na chéad ghlúine eile ag luathú

30. Tháinig méadú beagnach dhá oiread⁹ in 2012 ar infheistíocht san earnáil teileachumarsáide i gcomparáid leis an mbliain roimhe, rud a léirigh go raibh líonraí seasta agus móibíleacha na chéad ghlúine eile á gcur i bhfeidhm go leanúnach (féach Fíor 8).

31. Ar an taobh móibíleach de, bhronn Ceant Speictream Ilbhanda ComReg¹⁰ cearta speictrim in 800MHz, 900MHz agus 1800MHz in 2012 agus tá úsáid á baint ag oibrítheoirí líonraí móibíleacha as na cearta úsáide speictrim chun cáilíocht na líonraí 3G atá ann cheana a fheabhsú agus chun líonraí LTE (Teacht Chun Cinn Fhadtéarmach) a chur i bhfeidhm. Rinne dhá oibrítheoir seoladh tráchtála ar Sheirbhísí LTE sa dara leath de 2013 agus sheol tríú hoibrítheoir seirbhísí LTE i mí Eanáir 2014.

Fíor 8: Infheistíochtaí méadaitheacha teileachumarsáide 2010 – 2012



Foinse: Ceistneoir Ráithiúil Eochairshonraí ComReg

32. Rinneadh uasghráduithe suntasacha ar líonraí seasta in Éirinn. Faoi dheireadh na bliana 2013, cuireadh breis agus 90% de líonra UPC, a théann thar chóir a bheith 750,000 teach, ar fáil ach úsáid a bhaint as teicneolaíocht DOCSIS 3.0, rud a chuireann ar a chumas luasanna leathanbhanda os cionn 100 Mbps a thairiscint. Sheol Eircom a thairiscint VDSL miondíola ('eFibre') i mí na Bealtaine 2013, agus chuathas thar 800,000 teach ag deireadh mhí an Mhárta 2014. Tairgeann roinnt soláthraithe seirbhísí leathanbhanda miondíola rochtain leathanbhanda sheasta bunaithe ar VDSL-FTCC ach úsáid a bhaint as líonra mórdhíola Eircom.


9 Áirítear leis an méadú seo na táillí láithreacha ar rochtain ar speictream a d'fóg oibrítheoirí líonraí móibíleacha le ComReg.

10 Bronnadh Speictream Ilbhanda ComReg

Caibidil 3: Léiríonn tosaíochtaí straitéiseacha ComReg an timpeallacht reatha agus an timpeallacht sa todhchaí

33. In 2013, chruthaigh cinntí ComReg ar Rochtain na Chéad Ghlúine Eile (NGA) ¹¹ an creat, bunaithe ar iomaíocht chóir, ar fhollasacht agus ar chinnteacht, chun infheistíocht luathaithe i leathanbhanda na chéad ghlúine eile a bhrú chun cinn i measc oibritheoirí. Tháinig méadú suntasach ar na luasanna leathanbhanda atá á gcur ar fáil as cur i bhfeidhm líonraí na chéad ghlúine eile sa tréimhse 2012-2014, agus tá níos mó ná 55% de shintíúsóirí leathanbhanda in Éirinn ag rochtain ar luasanna os cionn 10 Mbps faoi láthair (féach Fíor 9).

Fíor 9: Sintíús Leathanbhanda Sheasta idir Ráithe 1, 2012, agus Ráithe 1, 2014




Brúnn fás ar úsáid sonraí an gá le leathanbhanda na chéad ghlúine eile chun cinn

34. Athruithe ar shainroghanna tomhaltóirí i dteannta iomadú méadaitheach na seirbhísí físeán os cionn na seirbhíse Idirlín (OTT) a sholáthraítear thar raon ardán, tugann siad le tuiscint go leanann éileamh ar shonraí de bheith ar an spreagthach príomha le haghaidh leathanbhanda seasta na chéad ghlúine eile agus leathanbhanda móibileach na chéad ghlúine eile.

35. Chun coinneáil suas leis an éileamh ó thomhaltóirí ar shonraí móibileacha, is i gcónaí a bhíonn réitigh nua theicneolaíochta atá bunaithe ar speictream raidió á bhforbairt ar fud an domhain. In Éirinn, tá úsáid an speictrim raidió le haghaidh cumarsáide ag leanúint ar aghaidh ag fás. Is soiléire é sin a fheiceáil san fhás ar úsáid na líonraí ceallacha (féach Fíor 10).

36. Tá sé le feiceáil freisin i líon na gceadúnas gníomhach speictrim a eisíodh. Is figiúr é a sháraigh 17,000 faoi mhí an Mheithimh 2014.

Fíor 10: Fás ar úsáid na sonraí móibileacha



Tá ar ComReg a shainordú a chomhlíonadh laistigh de theorainneacha acmhainní

37. Tá ComReg ar cheann amháin de na hÚdaráis Náisiúnta Rialála is lú don earnáil chumarsáide san Eoraip. Tá sé ar an Údarás Náisiúnta Rialála (NRA) is lú, i dteannta NRA eile, i measc na mballstát ag a bhfuil daonra inchomparáide (idir 2.5 milliún duine agus 10 milliún duine). (Ní féidir comparáidí beachta idir comhlachtaí den saghas céanna a dhéanamh mar go bhfuil sainorduithe éagsúla ag Údaráis Náisiúnta Rialála éagsúla. Mar sin féin, is gnáth-shainordú é sainordú ComReg, lena n-áirítear seirbhísí cumarsáide leictreonaí, seirbhísí adráta, bainistíocht speictrim agus rialáil phoist.)

38. Ón mbliain 2010, tá laghdú de chóir a bheith 20% tagtha ar líon foirne ComReg. Tá ComReg faoi réir mhoratóir earcaíochta na hearnála poiblí go fóill.

11 ComReg 13/11: (Cinneadh D03/13): Rochtain na Chéad Ghlúine Eile ('NGA'): Réitigh le haghaidh Mhargáí na Chéad Ghlúine Eile.

39. D'ainneoin srianta acmhainní, sholáthair ComReg roinnt mhaith éachtaí suntasacha a chruthaigh tosca oiriúnacha le haghaidh feabhsúcháin mhóra ar oibriú na margaí cumarsáide leictreonáí ar mhaithe le tomhaltóirí. San áireamh tá:
- › Cinntí ar rialáil mhórdhíola NGA agus ar phraghsáil chuachtaí, ar cinntí iad a d'éascaigh infheistíocht Eircom i rochtain Idirlín ardluais;
 - › Ceantáil rathúil speictrim a chuir ar chumas oibrítheoirí líonraí móibíleacha tosú ar sheirbhísí 4G a chur i bhfeidhm;
 - › Rialáil mhórdhíola reatha sheirbhísí na glúine reatha, rud a chumasaigh teacht chun cinn iontrálaithe nua ar nós Sky, mar aon le forbairt leantach na n-iomaitheoirí líne seasta ar nós Vodafone;
 - › Feabhsúcháin ar an réim rialála le haghaidh tomhaltóirí Seirbhísí Cumarsáide Leictreonáí agus Seirbhísí Ardráta agus seasamh le cearta tomhaltóirí tríd an gcúram a thugann ComReg do thomhaltóirí agus tríd an gcomhlíonadh agus tríd an bhforfheidhmiú a dhéanann sé;
 - › Rialáil na seirbhísí tarchurtha craolacháin trastíre a thabhairt isteach.
40. Mar sin féin, bhí ar ComReg a chlár oibre a chur in ord tosaíochta i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil. Mar thoradh air sin, ní féidir tabhairt faoi mhíreanna oibre áirithe a luaithe ba mhian le roinnt páirtithe leasmhara. Mar shampla, bhí orainn tosaíocht a thabhairt do roinnt anailísí margaidh in áit anailísí margaidh eile. Anuas air sin, is minic a théann teagmhais nach rabhthas ag súil leo i bhfeidhm ar ár bpleananna gearrthéarmacha, rud a éilíonn go ngactar acmhainní ó ghníomhaíochtaí pleanáilte agus, mar thoradh air sin, is minic a bhíonn orainn obair pleanáilte a athsceidealú.

3.2 Tá an timpeallacht ina rialálann ComReg ag athrú

41. Tá an earnáil chumarsáide leictreonáí ag athrú go mear. Ar na nithe sin atá ag brú athruithe chun cinn tá forbairtí sa teicneolaíocht, iompraíocht úsáideoirí, beartas rialtais agus beartas an AE agus an timpeallacht mhaicreacnamaíoch. Cruthaíonn athruithe ar an earnáil deiseanna le haghaidh sholáthar feabhsaithe spriocanna ardleibhéil ComReg; ina theannta sin, áfach, cruthaíonn siad bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le dochar do leas na dtomhaltóirí, d'iomáíocht, d'infheistíocht nó do nuálaíocht.
42. Sa chuid seo, déanaimid athbhreithniú ar na treochothaí earnála agus ar na dúshláin a chuireann siad ar ComReg maidir le soláthar ár spriocanna ardleibhéil a chothú agus a fheabhsú.
43. Is iad na príomhthreochothaí a fheicimid:
- › Fás leantach ar úsáid na seirbhísí bunaithe ar IP, mar go bhfuil seirbhísí sonraí seasta agus seirbhísí sonraí móibíleacha ar luas níos airde á n-éileamh ag tomhaltóirí níos minice anois;
 - › Cuachtaí táirgí á gceannach níos minice anois ag tomhaltóirí in ionad táirgí traidisiúnta aonair a cheannach;
 - › Méadú ionchais ar infheistíocht tráchtála i líonraí rochtain na chéad ghlúine eile agus i 4G, dírithe go príomha ar limistéir uirbeacha agus fho-uirbeacha mar ar dócha go ndéantar infheistíocht síos go dtí leibhéal na mbailte réasúnta beag;
 - › Caolú na bearna idir limistéir thuaithe agus limistéir uirbeacha san fhadtéarma, mar thoradh ar Phlean Náisiúnta Leathanbhanda an Rialtais;
 - › D'fhéadfadh iontráil amháin sa mhargadh nó níos mó ná iontráil amháin sa mhargadh tosca iomaíochta a athrú go mór.

Caibidil 3: Léiríonn tosaíochtaí straitéiseacha ComReg an timpeallacht reatha agus an timpeallacht sa todhchaí

Brúfaidh seirbhísí bunaithe ar IP éileamh méadaithe ar sheirbhísí ar luas níos airde chun cinn


- 44. Sa bhliain atá thart, tá fás suntasach tagtha ar an meánúsáid sonraí uaire gnóthaí ag úsáideoirí leathanbhanda. Is cosúil go léiríonn sé sin go bhfuil tuilleadh úsáide á bhaint as fístaispeáint sruthaithe le haghaidh seirbhísí ar éileamh agus seirbhísí athdheise.
- 45. Tá acmhainní na bhfeistí móibíleacha ag fás agus tá siad á n-úsáid ag tomhaltóirí ar bhealaí éagsúla. Tháinig méadú 12.2% ar ghlacadh fóin chliste go dtí thart ar 2.7 milliún fón cliste sa bhliain go dtí ráithe 1, 2014. Tá úsáid seirbhísí os cionn na seirbhíse Idirlín seirbhísí (OTT) (e.g. Skype, WhatsApp) á brú chun cinn in Éirinn ag an treá méadaitheach sin, i dteannta éileamh ó thomhaltóirí ar sheirbhísí ísealchostais gutha agus sonraí freisin. Is féidir fianaise bhreise a bhaint as méideanna laghdaitheacha SMS/MMS agus as ídiú méadaitheach sonraí móibíleacha le blianta beaga anuas.

Ina theannta sin, tugann Analysys Mason, i measc comhlachtaí eile, le tuiscint go mbeidh cur teachtaireachtaí bunaithe ar IP ar an modh príomha chun teachtaireachtaí a chur sna blianta romhainn¹².

Ceannóidh tomhaltóirí cuachtaí táirgí níos minice

- 46. Tá méadú tagtha le dhá bhliain anuas ar an méid is fearr le tomhaltóirí ilseirbhísí cumarsáide a cheannach ó sholáthraí aonair, agus bhí cuachtaí ina gcúis le níos mó ná 50% de na síntiúis sheasta go léir i ráithe 1, 2014. Tá méadú tagtha ar an éileamh ar tháirgí seirbhíse triaraí, i gcodarsnacht le laghdú ar ghlacadh táirge seirbhíse aonair agus seirbhíse dúbailte (féach Fíor 11). Tá pacáistí seirbhíse triaraí á dtairiscint ag roinnt oibrítheoirí anois, agus sheol Eircom an chéad phacáiste seirbhísí ceathrúla i mí Dheireadh Fómhair 2013. Táimid ag súil go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh.

Fíor 11: Glacadh méadaitheach táirgí seirbhíse triaraí in Éirinn, 2012 - 2014



Foinse: Ceistneoir Ráithiúil Eochairshonraí ComReg

- 47. Is dúshlán ar ComReg é an méadú ar chuachadh. Is ann do thosca éagsúla iomaíochta i ngach ceann de na margaí le haghaidh na seirbhísí aonair a chuimsíonn na cuachtaí seo - amhail guth seasta, fón póca, Idirlíon agus teilifís. Dá bhrí sin, is é an dúshlán atá ar ComReg ná iomaíocht chóir bheoga a chinntiú in ionad margaidh nach mór do chuachtaí agus do tháirgí aonair dul in iomaíocht le chéile taobh le taobh ann.
- 48. D'fhoilsigh ComReg cinneadh ar rialáil phraghsanna na gcuachtaí i mí Feabhra 2013¹³. Maidir le cuachtaí, is é idirghabháil ComReg éascú a dhéanamh ar iomaíocht éifeachtach a fhorbairt agus oibriú in aghaidh an riosca go ndéanfaidh an t-oibrítheoir SMP a cheannas a dhíghiaráil ó mhargadh amháin go margadh eile.

12 Analysys Mason OTT Communication Services Worldwide: Forecasts 2013 – 2018.

13 ComReg 13/14: Rialáil Phraghsanna ar Thairiscintí Cuachta, Sonraíocht bhreise um oibleagáidí áirithe rialú praghsanna i Margadh 1 agus i Margadh 4.

Táimid ag súil le méadú ar infheistíocht tráchtála i líonraí rochtain na chéad ghlúine eile agus i 4G, dírithe go príomha ar limistéir uirbeacha

49. Tá an clár reatha infheistíochta i líonraí rochtain na chéad ghlúine eile ar tí leanúint ar aghaidh. D'fhógair Eircom go bhfuil sé beartaithe aige clúdach a líonra do rochtain na chéad ghlúine eile a leathnú ó 800,000 áitreabh ag deireadh ráithe 1, 2014, go 1.4 milliún áitreabh faoin mbliain 2016¹⁴.
50. Ceanglaíonn na ceadúnais um Úsáid Léirscaoilte a eisíodh tar éis cheant speictream ilbhanda ComReg in 2012 ar na ceadúnaithe clúdach de 70% den daonra a chur ar fáil faoi dheireadh mhí Eanáir 2016.

Ba cheart go gcaolódh Plean Náisiúnta Leathanbhanda an Rialtais an bharna idir limistéir thuaithe agus limistéir uirbeacha

51. Is é is aidhm do Phlean Náisiúnta Leathanbhanda (NBP)¹⁵ an Rialtais, 2012, luasanna íoslódála leathanbhanda 70Mbps a sholáthar do 50% den daonra faoin mbliain 2015, mar a mbeidh 40Mbps ar a laghad ar fáil i gcoitinne agus 30Mbps ar fáil i limistéir thuaithe níos dorochtana.
52. An 25 Aibreán 2014, d'fhógair¹⁶ Pat Rabbitte, TD, an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, an 25 Aibreán 2014 gur thiomnaigh an Rialtas do mhórshíneadh starrach líonra teileachumarsáide do thuath na hÉireann ina mbeidh líonra snáithín mar chloch coirnéil dá infheistíocht faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda. An 25 Meitheamh 2014, seoladh mórchomhairliúchán le páirtithe leasmhara maidir le cur chun feidhme idirghabháil an Stáit faoin

bPlean Náisiúnta Leathanbhanda¹⁷. Cuirfidh an comhairliúchán leis na limistéir gheografacha a dteastaíonn idirghabháil Stáit uathu a shainaitheint. Leanfaidh ComReg ar aghaidh ag déanamh dlúthmhonatóireacht ar fhorbairt agus chur chun feidhme an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda mar gur dóigh dó tionchar a bheith aige ar conas a shaothraíonn ComReg a spriocanna ardleibhéil.

D'fhéadfadh iontráil sa mhargadh nó dul amach as an margadh tosca iomaíochta a athrú go mór

53. D'fhógair BSL (Líonraí Cumarsáide Leictreonaí) gur mian leis dul isteach sa mhargadh áitiúil rochtana ach líonra FTTH a thógáil in Éirinn tríd an líonra dáileacháin leictreachais atá ann cheana a úsáid.
54. An 28 Bealtaine 2014, d'fhógair an Coimisiún Eorpach (CE)¹⁸ go ndearna sé cur i gcrích ar a imscrúdú ar éadáil bheartaithe Telefónica Ireland Limited (O2) ag Hutchison 3G Holdings Limited (Hutchison). Chinn an Coimisiún Eorpach go coinníollach an Éadáil Bheartaithe a fhorhreas ar bhonn na dtiomantas a thug Hutchison ar aghaidh mar fhreagairt do na buarthaí iomaíochta ar shainaitheint an CE iad.
55. Cé go bhfuil ComReg den tuairim láidir nach bhfuil tiomantais iompraíochta leordhóthanach chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh iomaíochta struchtúraí ar sainaithníodh gur dóigh dó teacht as an éadáil bheartaithe, fáiltíonn ComReg roimh an deireadh leis an éiginnteacht a bhain leis an éadáil agus tá sé ag súil leis an infheistíocht líonra réamh-mheasta.

14 Féach Nuacht Eircom Wholesale, an 29 Samhain 2013, "NGA Fibre Rollout extended to 1.4 million premises".

15 Féach "A National Broadband Plan for Ireland" na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

16 Féach Preaseisiúint na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha an 25 Aibreán 2014: Major fibre build-out to rural Ireland will be cornerstone of Government strategy (Beidh mhórshíneadh starrach an líonra snáithín ina chloch coirnéil de straitéis Rialtais)

17 Féach Preaseisiúint na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha an 25 Meitheamh 2014: National Broadband Plan Minister Rabbitte launches stakeholder consultation on the State intervention to bring high speed broadband to all parts of Ireland (Seolann an tAire Rabbitte, an t-aire don Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, an comhairliúchán le páirtithe leasmhara maidir leis an idirghabháil Stáit chun leathanbhanda ardluais a thabhairt chuig gach cearn d'Éirinn)

18 Féach Preaseisiúint an CE an 28 Bealtaine 2014: Mergers: Commission clears acquisition of Telefónica Ireland by Hutchison 3G, subject to conditions (Cumaisc: Ceadáíonn an Coimisiún éadáil Telefónica Ireland ag Hutchison 3G, faoi réir coinníollacha)

3.3 Cuireann treochtaí earnála dúshlán ar ComReg

56. Sa chás go bhfuil spriocanna ardleibhéil ComReg le haghaidh na hearnála cumarsáide leictreonaí á gcomhlíonadh go cuí, is é an dúshlán an fheidhmíocht sin a chothú i gcomhthéacs treochtaí earnála. Sa chás nach bhfuiltear ag comhlíonadh ár spriocanna ardleibhéil, is é an dúshlán deiseanna le haghaidh feabhais a aimsiú. Leagtar amach sa chuid seo na príomhdhúshlán, idir bhagairtí agus dheiseanna, a bhfuil ár straitéis ceaptha chun aghaidh a thabhairt orthu.

Tomhaltóirí a chosaint agus a chumhachtú

57. Is iad na príomhdhúshlán dár sprioc ardleibhéil um thomhaltóirí a chosaint agus a chumhachtú:

- › Oibleagáidí seirbhíse bunúsaí (seirbhís uilíoch san áireamh) a choinneáil cothrom le dáta de réir mar a athraíonn an teicneolaíocht;
- › Laghdú a dhéanamh ar chásanna nach dtugann a soláthraí seirbhíse aghaidh ar chearta tomhaltóirí;
- › Cur ar chumas tomhaltóirí roghanna eolasacha a dhéanamh nuair atá táirgí agus tairiscintí ag éirí níos casta.

58. Déanann ComReg raon oibleagáidí seirbhíse bunúsaí ar oibrítheoirí údaraithe a fhorchur agus a fhorfheidhmiú; Mar shampla, ní mór d'oibrítheoirí rochtain ar sheirbhísí éigeandála a chur ar fáil agus forálacha a dhéanamh d'úsáideoirí faoi mhíchumas. Faoi láthair, tá na hoibleagáidí sin oiriúnach den chuid is mó. De réir mar a athraíonn an teicneolaíocht, áfach, is féidir go mbeidh ar chineál na n-oibleagáidí sin athrú freisin. Mar shampla, is féidir go gcuirfear teicneolaíocht ar fáil a chumasaíonn faisnéis níos fearr a chur ar fáil do na seirbhísí éigeandála nuair a chuirtear glao ar 999 nó ar 112. **Príomhdhúshlán ar ComReg, dá bhrí sin, is ea oibleagáidí seirbhíse bunúsaí (seirbhís uilíoch san áireamh) a choinneáil cothrom le dáta de réir mar a athraíonn an teicneolaíocht.**

59. Léiríonn staitisticí gearán ComReg líon méadaitheach teagmhas inar mheas tomhaltóirí gur gá dóibh gearán a dhéanamh chuig ComReg le go dtabharfar aghaidh ar a ngearáin. Ní treocht inmhianaithe í sin. **Príomhdhúshlán ar ComReg, dá bhrí sin, is ea laghdú a dhéanamh ar chásanna nach dtugann a soláthraí seirbhíse aghaidh ar chearta tomhaltóirí.**

60. Is ann do threocht mhéadaitheach ina gceannaíonn tomhaltóirí cuachtaí táirgí a n-áiríonn gnéithe níos sofaisticiúla leo, amhail leathanbhanda ardluais, sonraí móibíleacha, guth agus teilifís a chuirtear ar fáil thar ardáin IP agus mar sin de. Baineann raon saintréithe leis na seirbhísí sin, amhail luas, clúdach agus beartais um úsáid chóir. Déanfaidh tomhaltóirí éagsúla na saintréithe sin a mheas ar dhóigheanna éagsúla. Is féidir go mbeidh sé doiligh dóibh measúnú a dhéanamh ar na saintréithe a ghabhann le tairiscint ar leith agus ar an difríocht a dhéanfaidh siad mar thoradh ar a bpatrúin úsáide féin. Oibreoidh margaí ar an mbealach is fearr, agus freastalófar ar an mbealach is fearr ar leasanna tomhaltóirí, má tá faisnéis imleor agus an cumas chun í a mheas ag tomhaltóirí. **Príomhdhúshlán ar ComReg, dá bhrí sin, is ea cur ar chumas tomhaltóirí roghanna eolasacha a dhéanamh nuair atá táirgí agus tairiscintí ag éirí níos casta.**

Iomaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn

61. Is iad na príomhdhúshlán dár sprioc ardleibhéil um iomaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn:

- › An treocht um iomaíocht mhiondíola mhéadaitheach a choinneáil;
- › Iomaíocht bunaithe ar bhonneagar a chumasú ach glúine éagsúla teicneolaíochta a úsáid;
- › Na buntáistí a bhaineann tomhaltóirí as iomaíocht bhonneagair a uasmhéadú i limistéir atá níos dlúithe ó thaobh an daonra de, agus leasanna na dtomhaltóirí a chosaint i limistéir nach bhfuil an iomaíocht dea-bhuanaithe iontu.

62. Is ann do threocht um iomaíocht mhéadaitheach i margaí miondíola. Mar sin féin, tá roinnt bagairtí air sin. Mar shampla, d'aimsigh ComReg go bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh i roinnt margaí mórdhíola agus shaináithin sé go bhféadfadh sí sin a bheith ina cúis le srianadh iomaíochta i margaí iartheachacha miondíola. D'fhorchuir ComReg réitigh chun na rioscaí sin a mhaolú. De réir mar a athraíonn athruithe ar an teicneolaíocht agus ar an iompraíocht tomhaltóirí cineál na margaí iartheachacha miondíola, d'fhéadfadh sé sin tionchar a imirt ar a éifeachtaí atá an rialáil mhórdhíola atá ann cheana. Baineann bagairt eile ar iomaíocht mhiondíola le comhdhlúthú féideartha ionad margaidh. **Príomhdhúshlán ar ComReg, dá bhrí sin, is ea an treocht um iomaíocht mhiondíola mhéadaitheach a choinneáil i gcomhthéacs na dtreochtaí sin.**
63. Tá iomaíocht bunaithe ar bhonneagar ag fás ach tá sí níos srianta go fóill ná an iomaíocht ag an leibhéal miondíola. Chomh maith leis sin, cruthaíonn an trasdul ó ghlúin amháin teicneolaíochta go glúin eile teicneolaíochta deiseanna le haghaidh tuilleadh infheistíochta i mbonneagar, ach d'fhéadfadh sé iomaíocht atá bunaithe ar an nglúin reatha teicneolaíochta a chur i gcontúirt. Is mian le ComReg iomaíocht bunaithe ar bhonneagar a chumasú, ach glacann sé seasamh neodrach maidir le teicneolaíocht. **Príomhdhúshlán ar ComReg, dá bhrí sin, is ea iomaíocht bunaithe ar bhonneagar a chumasú ach glúine éagsúla teicneolaíochta a úsáid.**

64. Is ann d'iomaíocht níos déine i limistéir atá níos dlúithe ó thaobh an daonra de ná i limistéir thuaithe. Is fíor sin go háirithe ag leibhéal níos doimhne d'infheistíocht bhonneagair. Is mian le ComReg iomaíocht a chur chun cinn i nach cuid den mhargadh. Aithníonn sé, áfach, nach mbainfidh roinnt tomhaltóirí leas as an méid iomaíochta céanna agus gur féidir go mbeidh tuilleadh cosanta ag teastáil óna leasanna. **Príomhdhúshlán ar ComReg, dá bhrí sin, is ea na buntáistí a bhaineann tomhaltóirí as iomaíocht bhonneagair a uasmhéadú i limistéir atá níos dlúithe ó thaobh an daonra de, agus leasanna na dtomhaltóirí a chosaint i limistéir nach bhfuil an iomaíocht dea-bhunaithe iontu.**

Nuálaíocht, infheistíocht agus an margadh inmheánach a éascú

65. Is iad na príomhdhúshláin dár sprioc ardleibhéal um nuálaíocht, infheistíocht agus an margadh inmheánach a éascú:
- › Infheistíocht leantach i leathanbhanda ardluais a chumasú;
 - › Speictream a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais éagsúla na sochaí.
66. Tá an t-éileamh ar leathanbhanda seasta agus leathanbhanda gan sreang ag fás, agus is ag fás freisin atá na luasanna atá ag teastáil chun tacú leis na feidhmchláir atá á n-úsáid ag gnólachtaí agus ag tomhaltóirí. Tá luathú tagtha ar an infheistíocht tráchtála i líonraí ardluais agus freastalófar ar spriocanna ComReg má leantar leis sin. **Príomhdhúshlán ar ComReg, dá bhrí sin, is ea infheistíocht leantach i leathanbhanda ardluais a chumasú.**


Caibidil 3: Léiríonn tosaíochtaí straitéiseacha ComReg an timpeallacht reatha agus an timpeallacht sa todhchaí

67. Mar an gcéanna, tá an t-éileamh ar shonraí móibíleacha ag fás, mar aon leis na luasanna atá ag teastáil chuige sin. Tá infheistíocht sa chéad ghlúin eile de sheirbhísí móibíleacha ar bun. Is ann do freisin roinnt mhaith úsáidí féideartha eile le haghaidh speictream raidió nach mór freastal orthu. ***Príomhdhúshlán ar ComReg, dá bhrí sin, is ea speictream a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais éagsúla na sochaí.***

A bheith mar Eagraíocht Éifeachtach agus Aclaí

68. Is ar bhonn leanúnach a bhíonn an earnáil chumarsáide leictreonaí ag athrú agus caithfidh ComReg bheith ar an eolas faoi fhorbairtí margaidh agus faoi fhorbairtí beartais agus bheith in ann déileáil leo ar bhealach tráthúil éifeachtach. ***Príomhdhúshlán ar ComReg, dá bhrí sin, is ea freagairt go mear do mhórathruithe beartais agus margaidh laistigh de shrianta chun acmhainní a chur ar fáil.***
69. Léirítear i bhFíor 12 príomhthorthaí ComReg maidir leis na treochothaí reatha san earnáil chumarsáide leictreonaí in Éirinn agus na dúshláin ghaolmhara a thagann aníos.

Fíor 12: Príomhthorthaí agus Dúshláin ComReg






Caibidil 4: Tomhaltóirí a Chosaint agus a Chumhachtú

Tomhaltóirí a Chosaint agus a Chumhachtú

70. Shainnadh ComReg a Sprioc Ardleibhéil, a Phríomhdhúshláin agus a Thosaíochtaí don tréimhse le teacht ó thaobh tomhaltóirí de agus léirítear iad i bhFíor 13.

Fíor 13: Sprioc Ardleibhéil, Príomhdhúshláin agus Tosaíochtaí ComReg ó thaobh Tomhaltóirí de



4.1 A chinntiú go bhfreastalaítear go cuí ar na bunriachtanais chumarsáide leictreonaí atá ag gach tomhaltóir, lena n-áirítear iad siúd faoi mhíchumas

71. Go hachomair, cinntíonn an Oibleagáid Seirbhíse Uilíche (USO) go bhfuil seirbhísí bunúsacha teileafóin líne seasta ar fáil d'úsáideoirí deiridh ar phraghas réasúnta.¹⁹
72. Ba cheart go gcinnteodh an USO gur féidir le gach duine sa Stát, beag beann ar láthair, ar sheasamh sóisialta nó ar ioncam, rochtain ar bhunseirbhísí teileachumarsáide, rud a thabharfaidh buntáistí dóibh siúd ar ioncam íseal a bhfuil deacracht acu íoc as seirbhís teileafóin, do thomhaltóirí faoi mhíchumas a dteastaíonn seirbhísí nó áiseanna ar leith uathu, agus dóibh siúd i láithreacha tuaithe a bhféadfadh an costas a bhaineann le rochtain a fháil ar sheirbhís bheith míréasúnta dóibh ar shlí eile.
73. I bhfianaise athruithe teicneolaíochta agus forbairtí margaidh, leanfaidh ComReg ar aghaidh ag cinntiú go bhfuil na seirbhísí a chuirtear ar fáil mar chuid den USO ar chomhréim go cuí le riachtanais athraitheacha na dtomhaltóirí. Sa chomhthéacs sin, rinne ComReg cur i gcrích ar shraith comhairliúcháin cheana féin agus d'eisigh sé a Chinntí ar eolairí síntiúsóirí agus ar tháillefóin phoiblí²⁰ agus bhunaigh ComReg na hoibleagáidí le haghaidh na ngnéithe sin den tseirbhís uilíoch don tréimhse 2014-2016 agus ina diaidh.

Chinn ComReg gur cheart do Eircom a bheith ar an USP le haghaidh na ngnéithe sin ar feadh tréimhse 4 bliana ó mhí Iúil 2014. Agus a chur chuige á dhearadh aige, chinntigh ComReg go bhfuil an oiread solúbthachta sna hoibleagáidí a gcuirfean na seirbhísí uilíocha seo ar fáil dá réir le gur féidir iad a oiriúnú don líon laghdaitheach úsáideoirí deiridh atá ag baint úsáid astu le linn dóibh na daoine sin a dteastaíonn na seirbhísí uathu go fóill a chosaint ag an am céanna.

74. Maidir le rochtain ag láthair sheasta, tá ComReg aireach go bhféadfadh an gá le seirbhís uilíoch rochtana ag láthair sheasta laghdú le himeacht ama agus, go deimhin, go bhféadfadh nach mbeadh sé riachtanach le himeacht ama mar thoradh ar an soláthar leathanbhanda ardluais do thithe agus do ghnólachtaí, lena n-áirítear de bharr an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda. Sa chomhthéacs sin, luaigh ComReg ina Chinneadh le déanaí²¹ go bhfuil sé den réamhthuirim go bhféadfadh gá an USO le rochtain ag láthair sheasta bheith ag teastáil ar feadh trí bliana go cúig bliana eile. Thug ComReg an deis do gach gnólacht spéis a léiriú i bheith ar an USP le linn na tréimhse seo. Dá bhrí sin, d'ainmnigh ComReg Eircom mar USP le haghaidh rochtana ag láthair sheasta do thréimhse eatramhach 18 mí. I gcomhar le breithniú a dhéanamh ar aon léirithe spéise, déanfaidh ComReg athbhreithniú le linn na tréimhse eatramhaí seo ar ghnéithe gaolmhara de sheirbhís uilíoch, lena n-áirítear an Tairseach Rochtana Réasúnaí (RAT), Praghsanna Meánaithe ón taobh Geografach de (GAP), Cáilíocht Seirbhíse (QoS) agus bearta chun cabhrú le caiteachas a rialú. Leanfaidh ComReg lena chuid oibre ar Mhaoiniú Seirbhíse Uilíche, lena n-áirítear measúnú ar iarratais ar mhaoiniú a fhaigheann sé ón USP agus prionsabail a bhunú le haghaidh meicníocht roinnt cistí seirbhíse uilíche de réir mar is gá.

19 Sainítear scóip na seirbhíse uilíche le Treoir 2002/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa, arna leasú ag Treoir 2009/136/CE ("an Treoir Leasaitheach"). Rinneadh an Treoir Leasaitheach a thrasú i ndlí na hÉireann an 1 Iúil 2011 le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Seirbhís Uilíoch agus Cearta Úsáideoirí) 2011 - I.R. Uimh. 337 de 2011, ("na Rialacháin").

20 ComReg 14/68: (Cinneadh D07/14): Soláthar Eolaire Síntiúsóirí (Seirbhís Uilíoch: Scóip agus Ainmniú) agus ComReg 14/69 (Cinneadh 08/14): Soláthar Táillefón Poiblí (Seirbhís Uilíoch: Scóip agus Ainmniú)

21 ComReg 14/71 (Cinneadh 10/14): An soláthar seirbhíse teilefónaíochta faoin Oibleagáid Seirbhíse Uilíche: Rochtain ag Láthair Sheasta

75. I mí na Bealtaine 2008²², leagadh síos le Cinneadh D02/08 ó ComReg spriocanna feidhmíochta atá ina gceangal dlí le haghaidh Cáilíocht Seirbhíse ("QoS") i leith an tsoláthair rochtana ag láthair sheasta. Cuireann na spriocanna sin bearta ceangailteacha cáilíochta le haghaidh nasc, minicíocht lochtráta agus amanna deisiúcháin lochta.
76. Tar éis D02/08, bhunaigh ComReg agus Eircom clár feabhsú feidhmíochta ("PIP") um cháilíocht seirbhíse maidir leis an oibleagáid seirbhíse uilíche le haghaidh na dtréimhsí 2010/2011 agus 2011/2012. Tá PIP athnuaite ("PIP2") ag Eircom i leith na dtréimhsí bliantúla 2012/2013 agus 2013/2014.
77. Ó bunaíodh na spriocanna cáilíochta seirbhíse in 2008 agus ó bunaíodh na cláir PIP ina dhiaidh sin, tá feabhas soiléir tagtha ar an g cáilíocht seirbhíse, go háirithe maidir le minicíocht lochtanna agus le deisiúcháin lochta. Bhain gach úsáideoir seirbhíse uilíche leas as sin.
78. Bunaíodh Fóram ComReg um Sheirbhísí Cumarsáide Leictreonaí do Dhaoine faoi Mhíchumas ("An Fóram Míchumais") chun cuspóirí reachtúla ComReg a chur ar aghaidh, go háirithe chun iomaíocht agus leasanna na n-úsáideoirí a chur chun cinn. Áirítear leis an gcomhdhéanamh den Fhóram Míchumais, a ndéanann ComReg cathaoirleacht air, ionadaithe don earnáil mhíchumais in Éirinn, lena n-áirítear an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (NDA); Daoine faoi Mhíchumas in Éirinn (PWDI); Cónaidhm na hÉireann um Míchumas (DFI); An Comhlachas Gnó Neamhbhrabúis; Cónaidhm Meabhairshláinte na hÉireann, Cónaidhm na gComhlachtaí Deonacha, ionadaithe don earnáil chumarsáide leictreonaí, soláthraithe seirbhísí seasta agus soláthraithe seirbhísí móibileacha araon agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (RCFAN).
79. Tá dul chun cinn déanta ag an bhFóram Míchumais ar roinnt tionscnamh ar bhonn deonach ó tionscnaíodh é. I mí na Bealtaine 2014, d'éisigh ComReg a

Chinneadh (ComReg 14/52; D04/14)²³ ar bhearta le go gcinntíonn gach gnólacht comhionannas i rochtain agus i rogha do dhaoine faoi mhíchumas. Áirítear leis na bearta sin nósanna imeachta inrochtana maidir le gearáin, áiseanna inrochtana breisiú creidmheasa d'úsáideoirí deiridh fón póca réamhíochta, billeáil inrochtana agus faisnéis inrochtana.

80. Tríd an bhFóram Míchumais, déanfaidh ComReg monatóireacht rialta ar shaincheisteanna maidir le comhionannas rochtana agus rogha do dhaoine faoi mhíchumas a thagann aníos chun a fháil amach cé na bearta a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil sa todhchaí agus rachaidh sé i gcomhairle ina thaobh sin mar a bhaineann.
81. Mar chríoch, tá ComReg aireach ar na hoibleagáidí atá ann cheana faoi sheirbhís uilíoch, lena n-áirítear Seirbhís Athsheachadta Téacs, agus tá sé beartaithe aige an ghné sin a athbhreithniú don chéad mhír eile faoin sruth oibre seo chun a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais na n-úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas go cuí.

4.2 Leanúint lena chinntiú go gcosnaítear an rochtain ar sheirbhísí 112/999 de réir mar a leanann athruithe teicneolaíochta agus reachtaíochta de theacht aníos

82. De bhun an Achta Cumarsáide, tá dhá fhreagracht phríomha ar ComReg i dtaca leis an tSeirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála (ECAS). Is iad sin; (i) athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar an Táille Freagartha Glaonna (CHF), atá ar an gcostas a thabhaíonn soláthraithe seirbhísí nuair a thugann síntiúsóir glao ar an ECAS; agus (ii) monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na seirbhíse a chuireann an soláthraí ECAS ar fáil (BT Ireland faoi láthair). Ina theannta sin, cuimsíonn na Rialacháin um

22 ComReg 08/37: Freagairt do Chomhairliúchán: Spriocanna Feidhmíochta Cáilíocht Seirbhíse maidir le Seirbhís Uilíoch de chuid Eircom

23 ComReg 14/52: Cumarsáid Leictreonach: Bearta chun Comhionannas a Chinntiú i Rochtain agus i Rogha d'Úsáideoirí Deiridh faoi Mhíchumas

Sheirbhís Uilíoch forálacha atá beartaithe chun rochtain ar an ECAS a chinntiú do gach saoránach; agus forálacha a chuireann ceangal ar ComReg, i gcomhairle leis an Aire, feasacht ar an ngairmuimhir éigeandála Eorpach '112' a chur chun cinn agus critéir a bhaineann le faisnéis maidir le láthair an ghlaiteora a chuireann soláthraithe seirbhísí ar fáil a leagan síos.

83. Anuas air sin, ní mór do ComReg, de réir Alt 10 den Acht, a chinntiú go gcomhlíonann soláthraithe seirbhísí na hoibleagáidí atá orthu agus, dá bhrí sin, tugtar an tosaíocht is airde do shaincheisteanna maidir le rochtain ar sheirbhísí éigeandála.
84. Ní mór do ComReg rochtain ar 112/999 a chinntiú beag beann ar na hathruithe teicneolaíochta a tharlaíonn. Ní mór do shaoránaigh bheith in ann teagmháil a dhéanamh go mear leis na seirbhísí éigeandála trí chumarsáid leictreonach.
85. Chruthaigh forbairtí teicniúla an cumas le haghaidh beachtas agus mionsonraí faisnéise atá i bhfad níos fearr a sholáthar do na Seirbhísí Éigeandála ó ghlaiteoirí ar 112/999. Go háirithe, tá an cumas ann chun faisnéis maidir le láthair a dhíorthaítear go huathoibríoch a fheabhsú go mór.
86. Tá an cumas sin, i dteannta tuilleadh tuisceana ar a thábhachtaí atá teacht tráthúil ag teagmhais éigeandála, ag déanamh brú chun cinn ar mhian ar fud an AE go bhfaighfear rochtain ar fhaisnéis fheabhsaithe maidir le láthair na saoránach. I gcomhairle le RCFAN, tá sé de chumhacht ag ComReg a éileamh go gcuirtear faisnéis fheabhsaithe maidir le láthair chun feidhme.
87. Murab ionann is 999, oibríonn an cód rochtana éigeandála 112 i ngach tír san Eoraip agus tá sé saor in aisce freisin. Mar thoradh ar a chineál uile-Eorpach, tá sé tábhachtach go gcuirtear athrú sa réimse seo chun feidhme ach úsáid a bhaint as cur chuige comhchuibhithe agus, mar sin de, tá tús curtha le roinnt tionscnaimh Eorpacha faoi choimirce CEPT (Comhdháil Eorpach na Riarachán Poist agus Teileachumarsáide)/ECC (an Coiste um Chumarsáid Leictreonach), BERIC

(Comhlacht na Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach) agus an Choimisiúin Eorpaigh. Tá faisnéis fheabhsaithe maidir le láthair ar fáil sna Stáit Aontaithe cheana, agus tá roinnt tíortha den AE ag cur na bhfeabhsúchán sin chun feidhme nó ag déanamh machnamh ar iad a chur chun feidhme. Is é an dúshlán ar ComReg agus ar a pháirtithe leasmhara ná éifeachtúlacht uasta na faisnéise feabhsaithe agus tabhairt isteach thráthúil na faisnéise feabhsaithe in Éirinn a cheangal le comhlíonadh na gcaighdeán idirnáisiúnta.

88. Rachaidh ComReg i dteagmháil le gach páirtí leasmhar ábhartha, lena n-áirítear Rialtas agus comhlachtaí stáit, eagraíochtaí neamhrialtasacha ar spéis leo, na Seirbhísí Éigeandála, gnólachtaí, saoránaigh agus a n-ionadaithe. Ní mór do ComReg agus do pháirtithe leasmhara eile bheith cinnte gur ar an gcaighdeán cuí atá aon fhaisnéis fheabhsaithe atá á soláthar, agus ba cheart do ghnólachtaí tuiscint shoiléir a bheith acu ar na ceanglais rialála atá i bhfeidhm.
89. Is é an toradh a bhfuiltear ag díriú air ná go ndéanann gach soláthraí faisnéis chruinn maidir le láthair ghlaiteora a chomhlíonann caighdeáin chúil a chur ar fáil do ECAS ar gach glao, rud a uasmhéadaíonn leas na saoránach.

Mar sin féin, ní mór an fhaisnéis sin a bheith iontaofa agus cruinn, ar aon dul leis na hacmhainní teicniúla ábhartha agus leis na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha a thugann aird chúil ar na tosca eacnamaíocha is infheidhme.

4.3 Eispéireas na dtomhaltóirí i leith conarthaí agus aistriú a bharrfheabhsú

90. Léiríonn an mhonatóireacht agus an anailís a rinneadh ar shaincheisteanna a ardaíodh le Líne Tomhaltóirí ComReg nach ar an leibhéal a bhfuiltear ag súil leis atá eispéireas reatha na dtomhaltóirí i leith aistriú.

Trí na heispéiris tomhaltóirí sin, bhreathnaigh ComReg cásanna ina raibh: gnásanna doiligh foirceanta á n-éileamh i dteannta táillí arda gaolmhara; conarthaí á n-athnuachan go huathoibríoch; bristeacha ag tarlú i seirbhís le linn aistriú; agus deacrachtaí eile nár réamh-mheasadh agus nach rabhthas ag súil leo. Trí cheisteanna agus ghearáin ó thomhaltóirí, shainaithin ComReg nach i gcónaí a bhíonn tomhaltóirí láneolach ar a gcearta sa réimse seo de bharr conarthaí doiléire nó téarmaí neamhfhollassacha i gconarthaí i roinnt cásanna, agus, i gcásanna eile, níl cearta ábhartha tomhaltóirí á gcomhlíonadh go cuí ag soláthraithe seirbhísí. Tugann ComReg dá aire go n-áirítear leis na cúig chatagóir is mó de shaincheisteanna a ardaíodh leis táillí faoi dhíospóid, pionóis chealúcháin chonartha, téarmaí agus coinníollacha conartha faoi dhíospóid, aistriú agus inaistritheacht uimhreach.

91. Agus é aireach ar chuspóir na Treorach maidir le Cearta na Saoránach (2009)²⁴ agus ar na buntáistí do thomhaltóirí ar cheart go dtiocfadh siad aníos as iomaíocht éifeachtach, féachfaidh ComReg lena chinntiú go gcloíonn soláthraithe ECS leis na hoibleagáidí atá orthu sa réimse seo. Níos sonraí fós, déanfaidh ComReg a dhícheall chun a chinntiú go bhfuil inaistritheacht uimhreach agus próisis aistrithe idir oibritheoirí a áisiúla don úsáideoir is féidir agus nach ndíspreagann siad iomaíocht.
92. Féachfaidh ComReg lena chinntiú go gcloíonn gnólachtaí go cuí le hoibleagáidí agus le ceanglais i leith chearta na saoránach a chuimsítear sna Rialacháin um Sheirbhís Uilíoch (2011)²⁵. Go háirithe, ceanglaítear leis na Rialacháin um Sheirbhís Uilíoch ar ghnólachtaí conarthaí follasacha a chur ar fáil agus a chinntiú nach dtugtar dídhreasú do thomhaltóirí an ceart atá acu chun soláthraí a aistriú a chleachtadh nuair a mheasann siad gur chun a leasa féin atá aistriú.

93. Neartaíodh cumhachtaí forfheidhmiúcháin ComReg i dtaca le conarthaí tomhaltóirí mar thoradh ar thrasú na Treorach maidir le Cearta Tomhaltóirí²⁶, arna trasú ag I.R. Uimh. 484 de 2013, a tháinig in éifeacht i mí an Mheithimh 2014²⁷. Tá sé mar rún ag ComReg úsáid a bhaint as na cumhachtaí a ndéanann na rialacháin nua foráil dóibh chun eispéireas tomhaltóirí i leith conarthaí agus athrú a fheabhsú. De bhreis ar aistriú feabhsaithe a chinntiú bunaithe ar fhorfheidhmiú cuí agus ar fhorbairt beartais chuí, brúfaidh ComReg rochtain fheabhsaithe ar chonarthaí úsáideoirí deiridh agus follasacht conarthaí úsáideoirí deiridh chun cinn.
94. Chomh maith leis sin, leanfaidh ComReg ar aghaidh ag éascú chumas na dtomhaltóirí chun praghsanna agus gnéithe seirbhíse eile de thairiscintí ar fáil a chur i gcomparáid (srianta úsáide, téarmaí conartha etc.) le linn dó cabhrú le tomhaltóirí an fhaisnéis riachtanach ar fad maidir le luasanna leathanbhanda a fháil. Leanfaidh ComReg ar aghaidh ag feabhsú a seirbhísí féin mar thaca leis sin.
95. Leanfaidh ComReg ar aghaidh ag cinntiú go bhfuil inaistritheacht uimhreach agus próisis aistrithe idir oibritheoirí a áisiúla don úsáideoir is féidir agus nach ndíspreagann siad iomaíocht. Tá sé beartaithe ag ComReg dul i dteagmháil leis an tionscal d'fhonn plé ar fhorbairt na seirbhísí inaistritheachta sa todhchaí a éascú i gcomhthéacs na seirbhísí nua agus nuálacha ar dóigh dóibh teacht aníos.
96. Tá sé mar chuspóir ag ComReg a chinntiú go gcuirtear ar fáil do thomhaltóirí go caighdeánach conarthaí atá a fhollasaí agus a shorochtana is féidir agus a uasmhéadaíonn leas na dtomhaltóirí ar fud na soláthraithe ECS go léir agus a bhfuil téarmaí, próisis agus iompraíochtaí aistrithe a chumasaíonn tomhaltóirí aistriú go furasta nuair is mian leo déanamh amhlaidh mar thaca leo.

24 Treoir 2009/136/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009

25 I.R. Uimh. 337/2011: Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonacha) (Seirbhís Uilíoch agus Cearta Úsáideoirí) 2011

26 Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011

27 I.R. Uimh. 484/2013: Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Faisnéis do Thomhaltóirí, Cealú agus Cearta Eile) 2013

97. Leanfaidh ComReg lena thionscnaimh chun a chinntiú go leanann soláthraithe seirbhíse ar aghaidh ag cur faisnéis fhollasach ar fáil faoi na seirbhísí a thairgeann siad le go bhfuil eolas iomlán ag tomhaltóirí ar aon teorainneacha dlisteanacha a chuireann soláthraithe seirbhísí lena gcuid seirbhísí (“neodracht líonra”). Anuas air sin, leanfaidh ComReg le dul chun cinn a dhéanamh ar a thionscnamh um fhaisnéis do thomhaltóirí i leith na luasanna leathanbhanda a eispéirítear agus na dtosca a théann i bhfeidhm orthu.

4.4 Leanúint le leasanna na dtomhaltóirí ina dteagmháil le seirbhísí ardráta (PRS) a chosaint

98. De ghnáth, is éard atá i gceist le Seirbhísí Ardráta (PRS) ná earraí agus seirbhísí ar féidir tomhaltóir iad a cheannach agus ina ngearrtar an costas ar a chuntas líne seasta nó fóin phóca, is cuma cé acu a réamhíoctar é nó a íoctar trí bhille é. Faoi láthair, cuirtear formhór na seirbhísí ardráta ar fáil trí uimhreacha teileafóin ardráta (dar tosach an réimír 15XX) agus trí ghearrchóid (i bhfoirm 5XXXX) ach tá forbairtí teicneolaíochta ina gcúis anois le roinnt seirbhísí ardráta atá á ngearradh ar chuntais fóin phóca tomhaltóirí gan dul ar iontaoibh na ngearrchód ardráta. Is minic a thairgeann seirbhísí ardráta seirbhísí faisnéise agus siamsaíochta, arb iad roinnt samplaí díobh inneachar digiteach ar nós cluichí agus físeáin ar shásanna láimhe fóin phóca, seirbhísí quiz teilifíse, seirbhísí comhrá, clingthoin shaincheaptha, foláirimh spóirt, foláirimh aimsire, vótáil teilifíse agus comórtais.

99. I mí Iúil 2010, thug an rialtas an tAcht um Rialáil Chumarsáide (Seirbhísí Ardráta agus Bonneagar Cumarsáide Leictreonáil), ('Acht 2010') lena cuireadh rialáil na seirbhísí ardráta ar bhonn reachtúil. Faoi Acht 2010, cuireadh de dhualgas ar ComReg an earnáil seirbhísí ardráta a rialáil agus Cód Cleachtas reachtúil nua ('Cód') a thabhairt isteach a luaithe is féidir.

100. Tráth thosach feidhme Acht 2010, tháinig formhór mór na ngearrán faoi sheirbhísí ardráta ó thomhaltóirí a shéan gur chláraigh siad do sheirbhísí ardráta síntiúis²⁸ ar gearradh táille orthu ina leith. Mar thoradh air sin, thug ComReg Cód nua isteach i mí Iúil 2012 tar éis próiseas comhairliúcháin fada a chur i gcrích. Ceanglaíonn an Cód nua ar úsáideoirí deiridh na seirbhísí ardráta a athdhearbhú go bhfuil sé ar intinn acu síntiús a íoc le haon seirbhís ardráta lena mbaineann táille athfhillteach; tugtar “glacadh dúbailte” ar an gceanglas sin.

101. Tá roinnt athruithe agus dúshlán os comhair na hearnála seirbhísí ardráta faoi láthair, mar seo a leanas:

- Leibhéil arda sheasmhacha de chonarthaí tomhaltóirí;
- Achtú na reachtaíochta nua a bhaineann le tomhaltóirí;
- Forbairtí teicneolaíochta agus iomadú na bhfón cliste, a chuireann tuilleadh deiseanna d'úsáideoirí deiridh na seirbhísí ardráta a úsáid, uaireanta gan fhios dóibh; agus
- Teacht chun cinn ar chineál na seirbhísí ardráta.

102. Is léir ó staitisticí tomhaltóirí ComReg²⁹ gur ard ar bhonn seasmhach atá líon na dtomhaltóirí atá ag ardú saincheisteanna a bhaineann le seirbhísí ardráta agus níor thosaigh sé ag laghdú go dtí le déanaí.

Mar sin féin, ag féachaint do mhéid measartha teoranta an mhargaidh sheirbhísí ráta (ar tháinig cúngú air, de réir dealraimh), i gcomparáid leis an margadh teileachumarsáide leathan, tá líon na ngearrán (thart ar 10%) ard go díreireach agus ardaíonn sé ceisteanna tromchúiseacha faoin leibhéal rochtana ar chúram custaiméirí agus ar cháilíocht an chúraim chustaiméirí a gcuireann gnólachtaí seirbhísí ardráta i ar fáil.

28 Is é is seirbhís ardráta síntiúis ann ná síntiús lena mbaineann costas athfhillteach mar a ngearrtar táille ar thomhaltóirí ar bhonn seachtainiúil de ghnáth go dtí go ndéanann siad beart chun an conradh a fhoirceannadh.

29 Foilsítear staitisticí tomhaltóirí ar bhonn ráithiúil ar shuíomh Gréasáin ComReg a bhaineann le tomhaltóirí: http://www.askcomreg.ie/tell_us/

Faoi láthair, is iad na seirbhísí ardráta a ardaíonn saincheisteanna tomhaltóirí ná na seirbhísí ardráta sin a bhaineann le costas aonuaire measartha ard den chuid is mó. Ós rud é nach seirbhísí ardráta síntiúis iad sin, níl feidhm ag na ceanglais “glacadh dúbailte” a thug ComReg isteach.

103. In 2011, thug Coimisiún an AE an Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí³⁰ isteach. Tháinig an Treoir sin, a trasuíodh i ndlí na hÉireann i mí na Nollag 2013³¹, in éifeacht i mí an Mheithimh 2014. Tugann sí ceanglais nua isteach lena rialaítear cianchonarthaí, dírithe ar thomhaltóirí ar idirbheartaíodh a gconarthaí seirbhíse ar shiúl ó áitreabh gnó a chosaint. Tugadh cumhachtaí forfheidhmiúcháin do ComReg faoi na Rialacháin nua. Tá an-chuid de na forálacha ábhartha don tionscal seirbhísí ardráta agus déanfaidh ComReg a dhícheall chun a chinntiú go dtugtar do thomhaltóirí seirbhísí ardráta na cosaintí breise tomhaltóirí a chuirtear ar fáil faoi na Rialacháin, go háirithe maidir leis na saincheisteanna reatha atá á n-ardú ag tomhaltóirí, mar a luaitear thuas.
104. De bharr iomadú na bhfón cliste agus na dtáibléad, tá an cumas ag tomhaltóirí anois an tIdirlíon a bhrabhsáil ar a bhfeistí móibíleacha. Dá bhrí sin, is in úsáid i bhfad níos leithne atá seirbhísí ardráta a cuireadh chun cinn agus a bhí inrochtana trí ríomhaire deisce/ríomhaire glúine amháin roimhe sin. Tá an cumas ag soláthraithe seirbhísí ardráta anois fógraí dá seirbhísí “a bhrú” go díreach chuig feistí móibíleacha na dtomhaltóirí ach úsáid a bhaint as fógraí meirge/míre aníos saor in aisce a thagann i láthair i gcluichí agus in “aipeanna” a d’íoslódáil tomhaltóirí cheana féin.
105. Ina theannta sin, cuireann forbairtí teicneolaíochta agus teacht chun cinn sa tionscal seirbhísí ardráta ar chumas tomhaltóirí na costais ar earraí agus ar sheirbhísí, ar nós “aipeanna”, a ghearradh ar a gcuntas fóin in ionad iad a ghearradh ar chárta

creidmheasa/dochair. Ciallaíonn na forbairtí sin go gcuimsíonn rialáil seirbhísí ardráta gnéithe de dhlíthe tomhaltóirí, rud atá faoi théarmaí tagartha na Gníomhaireachta Náisiúnta Tomhaltóirí (NCA), agus go bhféadfadh sí teacht faoi rialáil airgeadais mar aon le rialáil teileachumarsáide. Mar thoradh air sin, ní mór do ComReg teagmháil a dhéanamh le comhlachtaí eile rialála laistigh den Stát agus lasmuigh de chun an chosaint is mó is féidir a chur ar fáil do leasanna úsáideoirí deiridh na seirbhísí ardráta.

106. Ag féachaint don iomaí dúshlán a leagtar amach thuas, beidh scóip na rialála seirbhísí ardráta faoi athbhreithniú ag ComReg i gcónaí.
107. D’fhonn aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna leanúnacha agus ar shaincheisteanna éiritheacha sa mhargadh seirbhísí ardráta, déanfaidh ComReg na nithe seo a leanas dá bhrí sin:
- Leanúint de mhonatóireacht a dhéanamh ar líon agus chineál na ngearán ó thomhaltóirí agus, nuair is cuí, oibleagáidí ar sholáthraithe seirbhísí ardráta a fhorfheidhmiú d’fhonn leibhéil chomhlíonta laistigh den tionscal a ardú;
 - Dul i gcomhairle i dtaobh Cód Cleachtais nua agus é a fhoilsiú chun aghaidh a thabhairt ar chineál agus scóip na seirbhísí ardráta atá ag fabhrú;
 - Socrúcháin fhoirmiúla a bhunú leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí agus dul i gcomhairle le comhlachtaí rialála laistigh den Stát agus lasmuigh de chun a chinntiú go leanfar ar aghaidh ag cosaint leasanna úsáideoirí deiridh na seirbhísí ardráta; agus
 - Dul chun cinn a dhéanamh ar a obair leis an Tobhach Seirbhísí Ardráta.


30 Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011.

31 I.R. Uimh. 484/2013; Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Faisnéis do Thomhaltóirí, Cealú agus Cearta Eile) 2013.

4.5 Spreagadh a thabhairt do sholáthraithe seirbhísí seasamh le cearta tomhaltóirí agus seirbhís do chustaiméirí a sholáthar

108. Leanfaidh ComReg ar aghaidh ag cinntiú go seasann soláthraithe seirbhísí le cearta a gcustaiméirí agus go soláthraíonn siad leibhéil inghlactha seirbhíse do chustaiméirí, agus aird á tabhairt acu ar chuspóir foriomlán ComReg chun leasanna na n-úsáideoirí agus na forálacha reachtúla eile sin a d'fhéadfadh a bheith i gceist a chur chun cinn i gcásanna ar leith.
109. Ceanglaítear ar sholáthraithe ECS faoi Rialachán 27 (Réiteach Díospóide) de na Rialacháin um Sheirbhís Uilíoch³² cód cleachtais do chustaiméirí maidir le gearáin a láimhseáil a bheith i bhfeidhm acu. Mura ndéileáiltear le gearán ar bhealach tráthúil nó mura bhfuil an tomhaltóir sásta leis an toradh ar an ngearán sin, d'fhéadfadh an tomhaltóir dul i dteagmháil le ComReg, rud a fhéadann, nuair is cuí, an gearán a ardú leis an soláthraí seirbhísí lena mbaineann.
110. Tá gearáin ina bhfoinse úsáideach faisnéise faoi shaincheisteanna tomhaltóirí a thagann aníos sna tionscail PRS agus ECS araon. Féachann ComReg le seirbhís fheabhsaithe do chustaiméirí agus le heispéireas tomhaltóirí iomlán níos fearr a spreagadh san earnáil chumarsáide leictreonaí.
111. Tháinig méadú 3.78% i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2011/2012 (líon iomlán: 54,057) ar líon na dteagmhálacha a rinne tomhaltóirí le foireann ComReg um chúram do thomhaltóirí don bhliain 2012/2013 (líon iomlán: 56,099), féach Fíor 14.

Fíor 14: Teagmhálacha arna ndéanamh le foireann ComReg um chúram do chustaiméirí



112. Deimhníonn staitisticí tomhaltóirí an treocht sin. Léiríonn siad méadú 24% ar ghearáin ó thomhaltóirí a ardaíodh le soláthraithe seirbhísí don bhliain 2012/2013 i gcomparáid leis an mbliain roimhe 2011/2012. Tugann ComReg dá aire gur cosúil i roinnt cásanna nach bhfuil soláthraithe seirbhísí ag déileáil le gearáin ó chustaiméirí ar bhealach éifeachtach ná éifeachtúil agus, dá bharr sin, is gá go ndéanann ComReg idirghabháil. Measann ComReg nár cheart a rannpháirtíocht a bheith riachtanach i gcóras atá ag feidhmiú go cuí ach amháin nuair a bhaineann gearáin le saincheisteanna níos casta. Rud eile de, breathnaíodh, i gcásanna inar ghlac ComReg páirt, nár fhreagair soláthraithe seirbhísí áirithe laistigh den amscála réitigh 10 lá le haghaidh gearáin ComReg a láimhseáil.
113. Ag féachaint do na treochtaí sin, beidh sé ina phríomhdhúshlán ar ComReg le linn na chéad tréimhse straitéise eile seo a chinntiú go dtabharfaidh soláthraithe seirbhísí aghaidh ar ghearáin a dtomhaltóirí ar bhealach níos éifeachtaí sa chéad dul amach. Déanfaidh ComReg athbhreithniú ar an réimse sin d'fhonn nósanna imeachta agus rialacha nua a bhunú a mbeifear ag súil go gcloifidh soláthraithe seirbhísí leo agus iad ag déileáil le gearáin ó thomhaltóirí. Chomh maith leis sin, breithneoidh ComReg a fhiúntaí atá sé staitisticí a bhaineann le gearáin a fhoilsíú.

32 I.R. Uimh. 337 de 2011: Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Seirbhís Uilíoch agus Cearta Úsáideoirí) 2011.

114. Leanfaidh ComReg leis na gearáin a fhaigheann sé ó chustaiméirí na soláthraithe seirbhísí a láimhseáil agus a réiteach ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil agus déanfaidh sé monatóireacht ar conas a chomhlíonann soláthraithe seirbhísí a n-oibleagáidí a bhaineann le tomhaltóirí, go háirithe i dtaca le conarthaí, le haistriú, le billeáil, le fánaíocht agus le saincheistanna a thagann aníos i leith an chláir dhiúltaithe do mhargaíocht dhíreach.

Sláine Líonraí a Chinntiú

115. Cuireann Rialachán 23 agus Rialachán 24 de Rialacháin an Chreata³³ oibleagáidí ar Oibritheoirí sláine agus slándáil a líonraí agus a seirbhísí a bhainistiú. Sa Fhreagairt do Chomhairliúchán (Doiciméad 14/02)³⁴ a d'éisigh ComReg le déanaí, déantar cur síos ar na bearta atá ComReg ag súil go ndéanfaidh Oibritheoirí d'fhonn comhlíonadh na n-oibleagáidí sin a chinntiú.

116. Go dtí seo, tá ár ngníomhaíocht teoranta do cheangal a chur ar oibritheoirí teagmhais a thuairisciú do ComReg. Mar sin féin, tá ComReg ag scrúdú cé acu ba cheart, nó nár cheart, dó díriú breise a leagan ina straitéis sa todhchaí ar cheangal a chur ar oibritheoirí beartaí cuí a dhéanamh a chinntíonn sláine a líonraí agus a seirbhísí ar aon dul le Doiciméad 14/02.

4.6 A éifeachtaí atá an fhaisnéis a thugann ComReg do thomhaltóirí agus an chumarsáid a dhéanann sé le tomhaltóirí a uasmhéadú

117. Féachann ComReg le tomhaltóirí a chumhachtú trí fhaisnéis cothrom le dáta a chur ar fáil, mar shampla faisnéis maidir leis na nithe seo: a gcearta agus a dteidlíochtaí, topaicí/saincheistanna reatha a bhfuil daoine tógtha fúthu agus ról agus feidhm ComReg. D'fhonn é sin a dhéanamh go héifeachtach, cuireann ComReg cúnamh agus faisnéis ar fáil

do thomhaltóirí a dhéanann teagmháil linn trí roinnt bealaí éagsúla - féadann tomhaltóirí dul i dteagmháil le ComReg ar an teileafón, trí r-phost, trí fhoirm ghearán ar líne, trí chomhrá Gréasáin, trí SMS nó trí chasadh an phoist.

118. Cuireann ComReg faisnéis ar fáil do thomhaltóirí freisin trína threoracha do thomhaltóirí agus trína shuíomhanna Gréasáin.

➤ Cuireann www.askcomreg.ie faisnéis ghinearálta ar fáil do thomhaltóirí maidir le seirbhísí cumarsáide leictreonaí, le soláthraithe líonra agus le cearta tomhaltóirí gaolmhara.

➤ Ligeann www.callcosts.ie do thomhaltóirí comparáid a dhéanamh idir faisnéis maidir leis na tairiscintí do sheirbhísí cumarsáide leictreonaí atá ar fáil. Ní amháin gur féidir le tomhaltóirí comparáid a dhéanamh eatarthu ó thaobh praghais de, is féidir leo comparáid a dhéanamh eatarthu ó thaobh gnéithe eile de, lena n-áirítear uaireanta seirbhíse do chustaiméirí, táillí foirceanta etc.

➤ Cuireann www.phonesmart.ie faisnéis ar fáil do thomhaltóirí agus don tionscal maidir le Seirbhísí Ardráta.

119. Tá sé ar intinn ag ComReg tabhairt faoi athbhreithniú iomlán ar na suíomhanna Gréasáin sin chun a chinntiú gur cothrom le dáta agus sorochtana atá an fhaisnéis atá ar fáil do thomhaltóirí.

120. Chuige sin, is é is aidhm do ComReg cabhrú le tomhaltóirí an fhaisnéis a theastaíonn uathu a fháil nuair a theastaíonn uathu í.

121. Anuas air sin, is é is aidhm do ComReg a chinntiú gur féidir le tomhaltóirí a shuíomh Gréasáin do thomhaltóirí a úsáid chun idirghníomhú le ComReg i dtaca le gearáin a d'fhéadfadh a bheith aige lena sholáthraí seirbhísí.

122. Chomh maith leis sin, déanfaidh ComReg athbhreithniú ar a bhealaí eile faisnéise, lena n-áirítear a threoracha tomhaltóirí agus a chlár for-rochtana, chun a chinntiú go bhfuil siad ag freastal go cuí ar riachtanais na dtomhaltóirí agus go bhfuil siad ag tacú le ComReg faisnéis a chur ar fáil do thomhaltóirí ar na bealaí is éifeachtaí.

33 I.R. Uimh. 333 de 2011: Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Creat) 2011.

34 ComReg 14/02: Tuairisciú agus Treoir maidir le Tuairisciú Teagmhas agus le hÍoschaighdeáin Slándála.




Caibidil 5: Iomaíocht Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn

Iomaíocht Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn

123. Shainaitin ComReg a Sprioc Ardleibhéil, a Phríomhdhúshláin agus a Thosaíochtaí don tréimhse le teacht ó thaobh iomaíochta de agus léirítear iad i bhFíor 15.

Fíor 15: Sprioc Ardleibhéil, Príomhdhúshláin agus Tosaíochtaí ComReg ó thaobh iomaíochta de.



5.1 Cur chun feidhme éifeachtach na réiteach mórdhíola atá ann cheana a chinntiú, agus an cur chuige á choigeartú ar aon dul le tosca iomaíochta

124. Sa bhliain 2013, rinne ComReg roinnt cinntí a bhain leis an bplean atá ag Eircom líonra rochtana na chéad ghlúine eile (NGA) a chur i bhfeidhm. Baineann na cinntí sin le rochtain mhórdhíola ar an líonra NGA, agus le praghsáil cuachtaí, a gcuimsíonn cuid mhór díobh rochtain Idirlín ardluais.
125. Léirigh na cinntí sin leibhéal éiginnteachta réasúnta ard maidir le glacadh seirbhísí NGA agus maidir leis an bpatrún úsáide ar dóigh dó bheith ann. Mar shampla, tá praghsáil na dtáirgí mórdhíola NGA á rialáil trí thástálacha cúngach corrlaigh, agus ní samhail chostais, go páirteach mar gheall ar a dheacra a bhíonn sé a chinneadh cad é an bealach is éifeachtúla chun costais a leithdháileadh ar sheirbhísí éagsúla agus ar thréimhsí ama éagsúla.
126. Le linn 2014/15, cuirfimid tús le hanailís mhargaidh a dhéanamh ar na margaí do Rochtain Mhórdhíola ar Bhonneagar Líonra Fhisiciúil agus ar Rochtain Mhórdhíola Leathanbhanda (nó na margaí comhfhreagracha faoi aon Mholadh nua ón gCoimisiún Eorpach i ndáil le margaí atá faoi réir rialáil ex ante). Tabharfaidh an méid sin deis dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar athruithe ar an timpeallacht iomaíochta agus ar a oiriúnaí atá sé leanúint leis na réitigh reatha nó iad a leasú. Le linn an athbhreithnithe sin, déanfaimid measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil dóthain fianaise ann chun tuairim a chur le chéile ar a mhéid a d'éirigh leis na réitigh reatha iomaitheoirí a chumasú dul isteach sa mhargadh do sheirbhísí NGA agus iomaitheoirí a chumasú a líonraí féin a fhorbairt i gcásanna ina bhfuil sé éifeachtúil ó thaobh airgid de déanamh amhlaidh.
127. Idir an dá linn, díreoidh ComReg ar a chinntiú go gcuirfear na réitigh sin chun feidhme go héifeachtach agus go gcuirfear tosca margaidh atá ag athrú san áireamh ag an am céanna. Mar shampla, beidh ar ComReg a chinntiú:
- › Go bhfuil rochtain éifeachtach éifeachtúil ar raon táirgí mórdhíola atá oiriúnach don fheidhm – lena n-áirítear táirgí éighníomhacha i gcásanna ina bhfuil sainordú aige déanamh amhlaidh;
 - › Go soláthraítear rochtain mhórdhíola agus forbairt táirgí mórdhíola ar bhonn cóir, neamh-idirdhealaitheach, réasúnta agus trédhearcach; agus
 - › Go leanann praghsáil táirgí agus cuachtaí mórdhíola le tástálacha éagsúla cúngach corrlaigh a chomhlíonadh, i bhfianaise an eispéiris iarbhir ó thaobh rátaí glactha agus patrúin úsáide de.
128. Leanfaidh ComReg de bheith ag freastal ar fhóirne thionscail ionas go mbeidh Eircom agus a iomaitheoirí in ann saincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme táirgí mórdhíola a réiteach. Chomh maith leis sin, déanfaidh ComReg dlúthmhonatóireacht ar chomhlíonadh oibleagáidí reatha agus déanfaidh sé gníomh, de réir mar is cuí, i gcásanna neamhchomhlíonta.
129. Seachas réitigh NGA, tháinig ComReg ar chumhacht shuntasach sa mhargadh agus d'fhorchuir sé réitigh i roinnt margaí eile. Déanfaimid monatóireacht ar chur chun feidhme na réiteach sin agus tabharfaimid faoi obair eile, go háirithe ó thaobh costála agus praghsála de, de réir mar is gá. Chomh maith leis sin, cuirfimid na hanailísí margaidh atá ar siúl faoi láthair i gcrích agus cuirfimid tús le hanailísí nua margaidh de réir mar a cheanglaítear leis an dlí.

5.2 Iomaíocht chóir bheoga a chur chun cinn in ionad margaidh ina roghnaíonn úsáideoirí idir táirgí traidisiúnta agus táirgí nua, agus idir táirgí aonair agus cuachtaí

130. Is é an aidhm atá ag ComReg iomaíocht chóir bheoga a chur chun cinn san ionad margaidh, é ag soláthar rogha d'úsáideoirí a bhféadfadh gur mian leo roghnú idir táirgí traidisiúnta agus táirgí nua, agus/nó idir táirgí aonair agus cuachtaí.
131. Agus an raon feidhmeanna reachtúla atá ag ComReg á chomhlíonadh againn, tabharfaimid aird speisialta ar an méid seo a leanas:
- › A chinntiú nach dtaobhaítear go míchuí le cineál seirbhíse amháin i gcás leithdháiltí costais idir seirbhísí atá bunaithe ar leagáid agus bonneagar na chéad ghlúine eile;
 - › A chinntiú go bhfuil soláthraithe seirbhísí sonraí trédhearcach maidir le haon srianta a chuireann siad ar úsáid seirbhísí bunaithe ar IP, VoIP agus IPTV ina measc;
 - › A chinntiú nach n-úsáidtear seirbhísí cuachta chun cosc a chur ar iomaíocht mhiondíola nó mhórdhíola ná chun bacainní míréasúnta a chur ar thomhaltóirí agus soláthraithe á n-athrú acu; agus
 - › A chinntiú go ngníomhaíonn Eircom ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus seirbhísí mórdhíola á soláthar aige.
132. Is eol do ComReg go bhfuil limistéir gheografacha ann ina bhfuil iomaíocht bunaithe ar líonra roimh Eircom. Tá sé chun tairbhe do thomhaltóirí nach gcuirtear srian neamhriachtanach ar a sholúbtha atá Eircom dul san iomaíocht. Is é an straitéis a bheidh againn ná solúbthacht phraghsála a cheadú, ar an gcoinníoll gurb ann d'fhianaise go bhfuil fíor-rochtain neamh-idirdhealaitheach ag oibritheoirí ar sheirbhísí mórdhíola sna tréimhsí ama céanna, faoi na coinníollacha céanna agus trí na próisis chéanna ina gcuireann Eircom Wholesale rochtain ar fáil dá ghéag mhiondíola féin.
133. Is féidir dearbhú neamh-idirdhealaithe a fheabhsú ar roinnt bealaí. Áirítear leo sin socruithe próisis, rialachais agus eagrúcháin laistigh de Eircom, seirbhísí mórdhíola a sholáthar ar bhonn Choibhéis an lonchuir, príomhtháscairí feidhmíochta cuí a thairiscíú agus socruithe sásúla seirbhíse mórdhíola a thairiscint.
134. Más rud é go soláthraíonn athchóirithe mórdhíola Eircom leibhéal dearbhaithe atá sách ard go bhfuil a oibleagáidí neamh-idirdhealaithe á gcomhlíonadh aige, is féidir nach mbeidh orainn an oiread sin sonraí a thabhairt ar an dóigh a bhfuil na hoibleagáidí sin le comhlíonadh.
135. Ag am cuí, déanfaimid machnamh ar athbhreithniú straitéiseach a dhéanamh ar dhul chun cinn an athchóirithe mórdhíola - lena n-áireofar athchóirithe arna ndéanamh ag Eircom go deonach agus athchóirithe arna gceangal le cinntí éagsúla rialála. D'fhéadfadh roinnt torthaí éagsúla teacht as athbhreithniú den sórt sin. Mar shampla, d'fhéadfaimis comhairliúchán a thabhairt ar aghaidh ar roinnt de na hoibleagáidí atá ar Eircom, ar an dóigh a bhfeidhmíonn fóraim thionscail nó ar an gcás ar son scaradh feidhmíuil Eircom Wholesale, fiú.
136. Ina theannta sin, déanfaimid machnamh ar na himpleachtaí a bhíonn ag seirbhísí VoIP ar an gcreat maidir le seirbhísí gutha mórdhíola agus miondíola a rialáil.

5.3 A chinntiú go léiríonn tairiscintí mórdhíola teicneolaíocht líonra leagáide agus teicneolaíocht líonra na chéad ghlúine eile le go gcuirtear iomaíocht chun cinn bunaithe ar an leibhéal bonneagair is doimhne is féidir

137. I mBaile Átha Cliath agus i roinnt limistéir uirbeacha eile, is ann do dhá líonra fhísiciúla líne seasta a bhfuil acmhainn acu seirbhísí seasta gutha agus leathanbhanda a sholáthar. Níl ach líonra físiciúil amháin i bhformhór na limistéar eile in Éirinn. Cé go bhféadfadh go rachadh rannpháirtithe nua isteach sa mhargadh, nó go bhféadfaí líonraí gan sreang cur isteach in áit líonraí eile, níl ceachtar acu sin ina thoisic shuntasach san ionad margaidh faoi láthair.
138. Ní gá go bhfágann monaplacht nó dé-oplacht i soláthar an bhonneagair físiciúil nach mór monaplacht nó dé-oplacht a bheith ann i margaí do sheirbhísí iarthachtacha a sholáthraítear thar an mbonneagar físiciúil sin. D'fhonn cás den sórt sin a sheachaint, áfach, ní mór sraith chúil tairiscintí mórdhíola a chur ar fáil. Ní mór na seirbhísí sin a phraghsáil ar bhealach nach gcuirfidh cosc ar infheistíocht ag iomaitheoirí ar aon leibhéal san ionad margaidh; ag an am céanna, níor cheart do na seirbhísí cur ar chumas soláthraithe bonneagair físiciúil cíosanna monaplachta a bhaint.
139. Agus sinn ag aistriú ón nglúin reatha seirbhísí leathanbhanda chuig seirbhísí leathanbhanda ardluais, beidh ar ComReg rialáil a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach i leith seirbhísí NGA agus seirbhísí leagáide, rud a áiríteoidh intuarthacht do rannpháirtithe sa mhargadh agus a fhreastalóidh ar roghanna do thomhaltóirí ag an am céanna.
140. Ós rud é go bhfuil saintréithe teicniúla éagsúla ag líonra NGA, beidh ar ComReg a chinntiú go gceadóidh an tsraith táirgí mórdhíola atá bunaithe

ar NGA d'iomaitheoirí leas a bhaint as an oiread gnéithe líonra NGA agus atá éifeachtúil ó thaobh airgid de agus atá inchesanta ó thaobh tráchtála de.

141. De réir mar a bhunaíonn iomaíocht sa soláthar seirbhísí mórdhíola, beidh cás ann ar son srian a chur le rialáil ar mhargaí réamhtheachtacha nach bhfuil iomaíoch go fóill. I bhformhór na gcásanna, áfach, beidh ComReg ar lorg fianaise áititheach ina léirítear gurb ann d'iomaíocht éifeachtach inbhuanaithe sula laghdóidh sé an méid rialála atá i bhfeidhm.

5.4 Iomaíocht agus infheistíocht a chur chun cinn agus leasanna na n-úsáideoirí i limistéir atá níos gainne ó thaobh an daonra de a chosaint

142. I limistéir na hÉireann atá níos dlúithe ó thaobh an daonra de, tá tairbhe á baint ag tomhaltóirí as an infheistíocht a rinne Eircom agus UPC i líonraí ardluais agus as an iomaíocht iarmhartach a tháinig chun cinn i measc an iliomad miondíoltóirí a úsáideann na líonraí sin.
143. Is é an cur chuige rialála atá glactha ag ComReg sna réimsí ná a bheith ag brath ar an iomaíocht chun infheistíocht líonra a bhrú chun cinn agus chun srian a chur le praghsanna miondíola. Is é an aidhm atá le rialáil ná a chinntiú nach gcruthóidh an dé-oplacht ó thaobh bonneagair de dé-oplacht ó thaobh soláthar seirbhísí iarthachtacha mórdhíola agus miondíola de.
144. I limistéir atá níos gainne ó thaobh an daonra de, is airde an costas chun freastal ar gach custaiméir. Dá bhrí sin, níl an dreasacht tráchtála chéanna ann d'infheistíocht in ardlíonraí rochtana ná i líonraí atá in iomaíocht le chéile.

145. Agus na tosca éagsúla iomaíochta sin á n-aithint aige, thosaigh ComReg ag athrú an bhealaigh ina gcomhlíonann sé na feidhmeanna reachtúla atá aige i limistéir gheografacha éagsúla. I limistéir atá níos gainne ó thaobh an daonra de, tabharfaidh ComReg aird ar leith ar na nithe seo a leanas:
- › An gá atá le tomhaltóirí miondíola a chosaint ar phraghsanna ró-arda mar thoradh ar chíosanna monaplachta a bheith á mbaint ag soláthraí an bhonneagair fhisiciúil; agus
 - › An gá atá le dreasachtaí a sholáthar d'infheistíocht atá éifeachtúil ó thaobh airgid de i líonraí tuaithe a nuachóiriú agus a uasghrádú.
146. Ar aon dul leis an mbealach ina gcomhlíonann ComReg a fheidhmeanna reachtúla, tá idirghabháil faoi chúnamh Stáit á beartú ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, rud trína soláthrófar leathanbhanda ardluais i limistéir nach bhfreastalódh oibrítheoirí teileachumarsáide tráchtála orthu ar shlí eile. Is dóigh go gcuirfidh an infheistíocht sin feabhas suntasach ar sholáthar leathanbhanda i limistéir thuaithe na tíre. Cuirfidh ComReg comhairle theicniúil agus eacnamaíoch ar an Roinn ina leith sin ar aon dul leis an sainordú reachtúil atá againn agus le treoirlínte an Choimisiúin Eorpaigh.
147. Cé nár tugadh sonraí phlean na Roinne chun críche go fóill, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar suntasach aige ar limistéir atá níos gainne ó thaobh an daonra de. Beidh ar ComReg an méid sin a chur san áireamh agus a chuid feidhmeanna á chomhlíonadh aige, d'fhonn an chuid is fearr a bhaint as tairbhí do thomhaltóirí, as iomaíocht, as infheistíocht agus as nuálaíocht sna réimsí a chuimsítear sa Phlean Náisiúnta Leathanbhanda.

5.5 Oibriú chun a chinntiú gur saor ó shaobhadh iomaíochta atá margaí móibíleacha

148. D'fhoilsigh ComReg a chinntí ar rátaí foirceanta líne seasta agus móibílí in 2012. Cuireadh an cinneadh ar rátaí foirceanta líne móibílí ar neamhni i bpáirt, agus tá sé faoi réir achomhairc chuig an gCúirt Uachtarach anois. Ina theannta sin, ní dhearna an Ard-Chúirt rialú ar iomláine an achomhairc go fóill. D'fhorbair ComReg samhail chostais i gcomhair rátaí foirceanta líne móibílí agus d'fhoilsigh sé comhairliúchán i mí Aibreáin 2014³⁵. Meastar go ndéanfar cinneadh ina leith sin níos déanaí in 2014.
149. In éineacht le roinnt oibrítheoirí líonraí fforúla móibíleacha, tá ceithre oibrítheoir líonra – Meteor, HG3I, O2 agus Vodafone – ag oibriú in Éirinn faoi láthair. Mar sin, is dóigh gur tháinig méadú ar iomaíocht sa mhargadh ón ráiteas straitéise roimhe seo. Déanfaidh ComReg monatóireacht ar fhorbairtí margaidh agus cuirfidh sé freagairtí cuí le chéile do na forbairtí sin de réir mar is gá.
150. I bhfianaise na n-athruithe arna gceadú ag an gCoimisiún Eorpach ar struchtúr an mhargaidh mhóibíligh, rud a phléitear i mír 54, agus ar aon dul leis na cumhachtaí reachtúla atá aige, déanfaidh ComReg monatóireacht ar dhinimic iomaíochta na margaí móibíleacha lena mbaineann agus leanfaidh sé ar aghaidh lena straitéis um bainistíocht an speictrim raidió, lena n-áireofar scaoilte eile speictrim a shainaithint (féach cuid 6.3), d'fhonn iomaíocht a chur chun cinn agus nuálaíocht agus infheistíocht líonra a chothú tuilleadh, i measc nithe eile.

35 ComReg 14/29: Rátaí Foirceanta Líne Móibílí: Dréachtsamhail Fíorchostais Fhadtréimhsigh Incrimintigh ó Bhun Aníos.




Caibidil 6: Nuálaíocht, Infheistíocht agus an Margadh Inmheánach a Éascú

Nuálaíocht, Infheistíocht agus an Margadh Inmheánach a Éascú

151. Shainnadh ComReg a Sprioc Ardleibhéil, a Phríomhdhúshláin agus a Tosaíochtaí don tréimhse le teacht ó thaobh nuálaíochta, infheistíochta agus an mhargaidh inmheánaigh de agus léirítear iad i bhFíor 16.

Fíor 16: Sprioc Ardleibhéil, Príomhdhúshláin agus Tosaíochtaí ComReg ó thaobh Nuálaíochta, Infheistíochta agus an Mhargaidh Inmheánaigh de.



6.1 A spreagadh go gcuirtear Rochtain na Chéad Ghlúine Eile (NGA) i bhfeidhm a mhéad is féidir

152. Tá éifeacht leis na cinntí ar NGA agus ar chuachtaí a d'fhoilsigh ComReg in 2013³⁶, rud a thugann dreasacht d'Eircom a líonra NGA a chur i bhfeidhm. Nuair a dhéanfaimid an anailís mhargaidh a luaitear i mír 126, nó nuair a dhéanfaimid athbhreithniú ar oibriú na réiteach sin, tabharfaimid aird ar an am a theastaíonn sula mbeidh fianaise mhaith ann ar a éifeachtaí atá na réitigh. Tabharfaimid aird freisin ar an tábhacht a bhaineann le cinnteacht rialála maidir le Eircom a spreagadh cur i bhfeidhm a líonra NGA a chríochnú in áiteanna ina bhfuil údar tráchtála leis.
153. Déanfaidh ComReg breithniú freisin ar cé acu is féidir nó nach féidir leis a chumhachtaí reachtúla a úsáid chun an costas ar chur i bhfeidhm líonraí NGA a laghdú. Nuair a dhéanfaimid athbhreithniú ar an margadh do bhonneagar líonra fhisiciúil mórdhíola, tabharfaimid aird ar leith ar an dochar do thomhaltóirí agus d'iomáíocht is féidir teacht as cásanna ina mbaintear cíosanna eacnamaíocha as úinéireacht bhonneagair fhisiciúil leagáide.
154. Is ann d'fhorálacha dlí ar leith lena gceanglaítear ar gach soláthraí líonra cumarsáide leictreonaí cead a thabhairt do sholáthraithe eile rochtain a fháil ar ghnéithe éighníomhacha líonra ar nós ductanna agus cuailí. Is ann do Threoir AE³⁷ freisin lena bhféadfaí iallach a chur ar úinéirí bonneagair eile (e.g. leictreachas, gás, uisce, agus camras) rochtain a thabhairt d'oibritheoirí teileachumarsáide ar a mbonneagar in imthosca áirithe. Ní mór an Treoir sin a thrasú i nDlí na hÉireann roimh an 1 Eanáir 2016 agus ní mór í a chur i bhfeidhm faoin 1 Iúil 2016. Níl sé soiléir cén ról a bheadh ag ComReg maidir le forálacha na Treorach a chur chun feidhme.

Déanfaimid athbhreithniú ar a mhéid is féidir linn cumhachtaí reatha agus aon chumhachtaí nua a úsáid chun cabhrú leis an gcostas ar chur in úsáid líonraí cumarsáide leictreonaí ardluais a laghdú.

6.2 Straitéis maidir leis an mBanda UHF (470 - 790 MHz) a thabhairt chun críche

155. Faoi mar is amhlaidh i gcás tíortha eile san Eoraip agus sa chuid eile den domhan, is é an gnás atá ann in Éirinn gurb iad a bhaineann leas eisiach as an mbanda UHF ná an tseirbhís chraolacháin saor in aisce agus seirbhísí de chineál 'Déanamh Cláir agus Imeacht Speisialta' (PMSE) a thacaíonn leis an tseirbhís chraolacháin. Chomhaontaigh Comhdháil Dhomhanda Radachumarsáide (WRC-12) an Aontais Idirnáisiúnta Teileachumarsáide (ITU) do 2012 ar 694 -790 MHz a leithdháileadh ar an tseirbhís mhóibíleach (seachas an tseirbhís mhóibíleach aerloingseoireachta), in éineacht le seirbhísí craolacháin, i Réigiún 1 an ITU (ina bhfuil an Eoraip lonnaithe) láithreach tar éis WRC-15. Déanfaidh an Chomhdháil Dhomhanda Radachumarsáide machnamh air sin in 2015, tar éis staidéir atá á ndéanamh ag an ITU-R a chomhroinnt. Is ionann an méid sin agus forbairt shuntasach eile d'Éirinn i ndáil le seirbhísí leathanbhanda gan sreang, le seirbhísí craolacháin agus le seirbhísí eile. Bhunaigh an Coimisinéir Kroes grúpa comhairleach nua ar an úsáid a bhainfear amach anseo as an speictream UHF don teilifís agus do leathanbhanda gan sreang. Tá an grúpa comhairleach sin faoi chathaoirleacht Pascal Lamy³⁸ agus déanfaidh sé moltaí don Choimisiún Eorpach roimh Iúil 2014 ar an dóigh is éifeachtúla chun úsáid a bhaint as an mbanna speictrim UHF sna blianta atá romhainn³⁹.

36 ComReg 13/11 (Cinneadh 03/13): Rochtain na Chéad Ghlúine Eile ('NGA'): Réitigh le haghaidh Mhargaidh na Chéad Ghlúine Eile.

37 Treoir 2014/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le bearta chun an costas ar chur in úsáid líonraí cumarsáide leictreonaí ardluais a laghdú.

38 Is é Pascal Lamy an tUachtarán oinigh ar Notre Europe - Institiúid Jacques Delors. Tá sé ina iarcheannaire ar an Eagraíocht Dhomhanda Trádála agus tá sé ina iar-Choimisinéir Eorpach.

39 Preaseisiúint CE an 13 Eanáir 2014: Téann Pascal Lamy i bhfeighil grúpa comhairleach nua ar an úsáid a bhainfear amach anseo as an speictream UHF don teilifís agus do leathanbhanda gan sreang.

156. Tá úsáid amach anseo an bhanda UHF ina phointe tábhachtach díospóireachta anois ag príomhfórait idirnáisiúnta, ar nós an AE, Chomhdháil Eorpach na Riarachán Poist agus Teileachumarsáide (CEPT) agus an ITU. Chomhaontaigh an Coiste Speictrim Raidió (RSC) dréacht-sainordú a thabhairt don CEPT le déanaí coinníollacha comhchuibhithe teicniúla a fhorbairt don bhanda 694 -790 MHz ('banda 700 MHz') san AE maidir le leathanbhanda gan sreang agus le húsáidí eile a sholáthar d'fhonn tacú le cuspóirí beartais speictrim an AE (RSCOM12-37).
157. Is gá do rialáil éabhlóidíú freisin. Mar sin, déantar na rialacha lena leithdháiltear speictream ar úsáid áirithe a athrú ó am go chéile chun gur féidir seirbhísí breise a thabhairt isteach. Ní mór forbairtí forásacha den sórt sin a bhainistiú ar bhealach cothromaithe toisc gur gá riachtanais na n-úsáideoirí uile, idir úsáideoirí reatha agus úsáideoirí féideartha nua, a chur san áireamh go cúramach. Faoi mar a leagtar amach sa dá mhír thuas, tá an banda UHF faoi réir roinnt forbairtí le déanaí agus tá mórullmhúcháin fhairsinge agus mórdhíospóireachtaí fairsinge ar siúl faoi láthair maidir lena bhfuil i ndán don phríomhacmhainn speictrim sin.
158. Mar thoradh ar na forbairtí sin, gheall ComReg go n-oibreodh sé ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta chun measúnú a dhéanamh ar an acmhainneacht, agus ar na hiarmhairtí, a bhaineann le hathbhreithniú a dhéanamh ar bhainistíocht agus ar úsáid an bhanda UHF agus a bhaineann le páirt a ghlacadh i bhfórait chun eolas a thabhairt d'fhorbairt bheartas na hÉireann i ndáil leis an úsáid a bhainfeam amach anseo as an mbanda UHF.
159. Rinne ComReg na chéad bhearta maidir le díospóireacht náisiúnta a chur ar siúl, rud a leagann béim ar an ngá atá ag Éirinn faoi láthair breithniú a dhéanamh ar an tsaincheist thábhachtach a bhaineann le húsáid fhadtéarmach an bhanda UHF in Éirinn. Rinne ComReg réamhchomhairliúchán ar Bhainistíocht agus úsáid an bhanda radaimhnicíochta UHF in Éirinn (470 – 790 MHz) a

fhóilsiú mar dhoiciméad 14/13 i mí Feabhra 2014⁴⁰.

160. Tá breithniú á dhéanamh ag ComReg faoi láthair ar na haighneachtaí uile a fuarthas i ndáil lena réamhchomhairliúchán 14/13. Tá sé de rún ag ComReg páipéar comhairliúcháin eile a eisiúint ar straitéis bhainistíochta speictrim a fhorbairt don bhanda UHF, rud a bheidh i bhfeidhm go ceann i bhfad.

6.3 Speictream breise a scaoileadh le haghaidh Leathanbhanda gan Sreang

161. Cuirfidh ComReg tús le tionscadal chun dul i gcomhairle ar chearta úsáide speictrim a bhronnadh ar speictream raidió atá oiriúnach do leathanbhanda gan sreang, idir leathanbhanda móibíleach agus leathanbhanda seasta, a sholáthar.
162. Agus breithniú á dhéanamh air, in éineacht le bandaí eile, is ar dhá chúis a bhainfidh rithábhacht leis an mbanda 2.6 GHz (2500 go 2690 MHz)⁴¹. Ar an gcéad dul síos, beidh 190 MHz ar fáil mar speictream neamhsannta tar éis éag na gceadúnas Córais Dáilte Micreathoinne Ilphointe (MMDS) atá i bhfeidhm sa bhanda faoi láthair. Ar an dara dul síos, úsáidtear an banda sin go fairsing ar fud na hEorpa – go príomha mar bhanda acmhainne chun seirbhísí móibíleacha a sholáthar – agus tá sé an-oiriúnach dá scaoileadh don mhargadh trí phróiseas iomaíoch bronnta⁴². I ndáil leis sin, luaigh ComReg in 2013 (Doiciméad 13/31)⁴³ go raibh sé ar intinn aige

40 ComReg 14/13: Bainistíocht agus úsáid an phlean radaimhnicíochta UHF in Éirinn (470 – 790 MHz).

41 Is faoi I.R. Uimh. 529/2003 Rialachán maidir le Radaiteileagrafaíocht (Córas Dáilte Micreathoinne Ilphointe) 2003 atá an banda sin ceadúnaithe sa Stát faoi láthair do sholáthar seirbhísí teilifíse íoca a atarchuirtear agus a athdháiltear trí úsáid a bhaint as gaireas do Chóras Dáilte Micreathoinne Ilphointe (MMDS). Foráladh sna Rialacháin sin a tugadh isteach in 2003 go bhféadfaí Ceadúnais reatha MMDS a athnuachan ar feadh tréimhse 5 bliana ar a mhéad tar éis dóibh dul in éag an 18 Aibreán 2014.

42 I nDoiciméad 13/31, luaigh ComReg go raibh sé ar intinn aige próiseas iomaíoch bronnta a chur ar siúl le haghaidh chearta úsáide an bhanda, agus é ag rá go háirithe, "Tabharfaidh ComReg faoi phróiseas iomaíoch bronnta don bhanda 2.6 GHz, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann cearta úsáide nua a eisiúint ar bhealach neodrach ó thaobh seirbhíse agus teicneolaíochta de (trí cheadúnais nua) tar éis dhul in éag na gceadúnas reatha MMDS".

43 ComReg 13/31: Na ceadúnais MMDS a bhí i bhfeidhm an 18 Aibreán 2014 sa bhanda 2.6 GHz a athnuachan don tréimhse idir an 19 Aibreán 2014 agus an 18 Aibreán 2016.

próiseas iomaíoch bronnta a chur ar siúl le haghaidh chearta úsáide an bhanda.

163. Leanfaidh ComReg ar aghaidh le scrúdú a dhéanamh ar an acmhainneacht a bhaineann le cearta speictrim a scaoileadh i mbandaí gaolmhara i gcomhar leo siúd atá sa banda 2.6 GHz.
164. Ba i bpáipéar a d'eisigh Grúpa Beartais an Speictrim Raidió (RSPG) ar Leathanbhanda gan Sreang⁴⁴ le déanaí a sainaithníodh roinnt bandaí a d'fhéadfadh bheith oiriúnach do leathanbhanda gan sreang agus a d'fhéadfaí a chomhchuihbhiú roimh i bhfad. Níl roinnt de na bandaí sin (e.g. an banda 1452-1492 MHz) ceadúnaithe in Éirinn faoi láthair agus tá na cearta úsáide reatha i mbandaí eile ag druidim ar a ndátaí éaga (e.g. an banda 3400-3800 MHz ('3.5 GHz')).
165. Tá an méid seo a leanas ina liosta neamhchríochnaitheach de bhandaí speictrim a bhféadfaí imscrúdú a dhéanamh orthu lena gcuimsiú sa phróiseas bronnta 2.6 GHz atá beartaithe:
- › 700 MHz
 - › 2.6 GHz
 - › 400 MHz (Sonraí Móibíleacha Digiteacha Leathanbhanda (WDMDS))
 - › 900 MHz (Sonraí Móibíleacha Digiteacha Leathanbhanda (WDMDS))
 - › 1452 – 1492 MHz
 - › 1900 – 1920 MHz
 - › 2010 – 2025 MHz
 - › 3.6 GHz
 - › 26 GHz – Bloic Náisiúnta
 - › 10.0 GHz
 - › 2.3 GHz

166. Samhlaítear go gcuirfidh an bronnadh speictrim sin feabhas eile ar chumarsáid mhóibíleach agus sheasta/ar chumarsáid leathanbhanda mhóibíligh agus go gcuirfidh sé le leithdháiltí speictrim mhóibíligh a chomhchuihbhiú ar fud na hEorpa. Mar thoradh air sin, bainfidh tomhaltóirí tairbhe as feidhmíocht níos fearr, amhail luasanna níos gasta íoslódála agus méaduithe ó thaobh acmhainne de i limistéir a bheadh cúng ar shlí eile.

6.4 Tástáil agus Triail Éireann: Clár Oibre Taighde agus Forbartha na hÉireann a Chur Chun Cinn

167. Agus í á cur ar fáil ag ComReg, tacaíonn Tástáil agus Triail Éireann⁴⁵ le taighde agus le forbairt teicneolaíochta gan sreang. Bíonn feidhmchláir nua chumarsáide á gceapadh an t-am ar fad agus is gá iad sin a thástáil sa saol mar atá. Agus í ina tír bheag atá lonnaithe ar imeall thiar na hEorpa, tá méid réasúnta ard glanspeictrim raidió ar fáil d'Éirinn mar gheall ar an dlús daonra réasúnta íseal atá sa tír. Toisc nach bhfuil ach teorainn talún amháin ag Éirinn (an Ríocht Aontaithe), éascaítear an dlús níos ísle úsáide speictrim agus an comhordú idirnáisiúnta radaimhnicíochta dá bharr. Baineann Tástáil agus Triail Éireann leas as na buntáistí uathúla speictrim raidió sin.
168. Níl ach €200 ar iarratas ar cheadúnas tástála bliana agus níl ach €500 ar iarratas ar cheadúnas trialach bliana. I bhformhór na gcásanna, is laistigh de 10 lá a fhaigheann cliaint cead chun radaimhnicíochtaí a úsáid. Déantar breithniú ar gach banda speictrim raidió, lena n-áirítear bandaí speictrim atá an-oiriúnach do chumarsáid mhóibíleach. Cothaíonn an méid sin spéis i dtástálacha a dhéanamh ar fheistí a d'fhéadfaí a úsáid i margáí domhanda.

44 Doiciméad RSPG-521rev1 ó Ghrúpa Beartais an Speictrim Raidió "Tuairim an RSPG maidir le dúshlán straitéiseacha atá roimh an Eoraip agus aghaidh á tabhairt aici ar an éileamh méadaitheach atá ag speictream ar leathanbhanda gan sreang."

45 Tástáil agus Triail Éireann

169. Saoráid rathúil is ea Tástáil agus Triail Éireann. Tá breis agus 170 cliant⁴⁶ aici cheana féin, cuideachtaí ilnáisiúnta, fiontair bheaga agus mheánmhéide dhúchasacha agus taighdeoirí feidhmeacha ina measc. Chuaigh roinnt ionaid eolais éagsúla atá lonnaithe in Éirinn i gcomhpháirt leis an tionscal chun tástálacha a bhfuil stádas idirnáisiúnta acu a dhéanamh, lena áiríodh na chéad tástálacha ar domhan sna réimsí a bhaineann le raidiúnna cognaíocha⁴⁷ agus le cumarsáid mhóibíleach⁴⁸. Is ann do chaidreamh comhoibríoch freisin le GFT Éireann agus le Fiontraíocht Éireann (na príomhghníomhaireachtaí forbartha Éireannacha), le Fondúireacht Eolaíocht Éireann agus le príomhionadaithe atá lonnaithe in ambasáidí na hÉireann i margaí eachtracha.
170. Tá sé ar intinn ag ComReg a ghníomhaíochtaí i leith Thástáil agus Triail Éireann a athdhírú le linn na tréimhse straitéise seo ar mhaithe leis an méid seo a leanas a dhéanamh:
- › Éifeacht a thabhairt d'úsáid éifeachtúil leanúnach an speictrim trí thástáil agus trí thriail, agus leas á bhaint as an acmhainn speictrim raidió atá ar fáil d'Éirinn;
 - › Próifíl na hÉireann a ardú mar ionad tástála do thaighde ceannródaíoch ar theicneolaíocht gan sreang; agus
 - › Feabhas a chur ar an éiceachóras idir deiseanna teicneolaíochta gan sreang agus nuálaíocht ag cuideachtaí agus ag taighdeoirí feidhmeacha araon, agus gníomhaíochtaí cuí cur chun cinn á reáchtáil.

46 Féach http://www.testandtrial.ie/Previous_clients/188

47 San am i láthair, is é atá ag an ionad náisiúnta taighde teileachumarsáide (CTVR) ná ceadúnas tástála a fhreastalaíonn ar thástálacha forleathantais raidió idir an CTVR (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath 2) agus Intel (Léim an Bhradáin, Contae Chill Dara). Thionóil an CTVR Comhdháil an IEEE ar Rochtain ar Speictream Dinimiciúil agus Rochtain atá Bunaithe ar Bheartas roimhe seo, áit a ndearnadh na chéad chomhthrialacha ar domhan ar raidió cognaíoch i dtimpeallacht bheo.

48 Sa bhliain 2009, rinne Ericsson Ireland an chéad tástáil allamuigh bheo ar domhan ar theicneolaíocht éabhlóide fadtéarmaí (LTE-TD), rud a d'fhéadfaí a úsáid chun tacú le leathanbhanda ardluais agus le seirbhísí ar nós físchomhdhála agus teilifís ardghléine.




Caibidil 7: A bheith mar Eagraíocht Éifeachtach agus Aclaí

A bheith mar Eagraíocht Éifeachtach agus Aclaí

171. Shainnithin ComReg a Sprioc Ardleibhéil, a Phríomhdhúshláin agus a Tosaíochtaí don tréimhse le teacht ó thaobh eagraíochta de agus léirítear iad i bhFíor 17.
172. Oibríonn ComReg i dtimpeallacht atá dúshlánach agus atá ag athrú go tapa. Is iad seo a leanas na tosca a chinneann an cumas atá againn ár spriocanna a chomhlíonadh;
- › Líon na ndaoine atá againn, agus eolas agus scileanna na ndaoine sin;

- › Ár bpróisis chinnteoireachta agus ár bpróisis oibriúcháin;
 - › A oiriúnaí atá ár gcumhachtaí rialála; agus
 - › Cáilíocht ár rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara.
173. Tugann ár dtosaíochtaí straitéiseacha d'fhorbairt eagraíochta aghaidh ar na réimsí sin.

Fíor 17: Sprioc Ardleibhéil, Príomhdhúshláin agus Tosaíochtaí ComReg ó thaobh forbairt eagraíochta de.



7.1 Ár ndaoine a fhorbairt trí scileanna agus eolas a fheabhsú

174. Fostaíonn ComReg lucht saothair gairmiúil atá comhdhéanta de speisialtóirí. I measc na ndisciplíní dá ndéantar ionadaíocht ar an bhfoireann, tá innealtóirí, eacnamaíthe, dlíodóirí, cuntasóirí agus speisialtóirí beartais phoiblí. Is as eagraíochtaí earnála príobháidí a tháinig an chuid is mó dár lucht saothair agus téann cuid mhór díobh ar ais san earnáil phríobháideach nuair a fhágann siad an Coimisiún. De réir mar a thosaíonn an geilleagar ag téarnamh, beidh sé níos dúshlánaí dúinn ár bhfostaithe an-oilte a choinneáil. Mar sin féin, tá ComReg fós faoi réir an Chreata Rialaithe Fostaíochta agus mhoratóir earcaíochta na hearnála poiblí.
175. Sa timpeallacht sin, baineann ríthábhacht lena leanúint le scileanna ár bhfoirne a fheabhsú agus lenár n-eolas corparáideach a bhunú mar ghnás nuair is cuí. Ní hé amháin go gcuirfidh sé sin leis an gcumas atá againn ár spriocanna straitéiseacha a chomhlíonadh, ach cuireann sé freisin le sástacht agus le coinneáil foirne freisin.
176. Tá ComReg ag infheistiú i bhforbairt ghairmiúil le fada – agus tá roinnt dámhachtainí buaite aige mar gheall ar a chlár oiliúna agus forbartha. I measc na dtionscnamh atá ar siúl sa réimse sin faoi láthair, tá forbairt ghairmiúil leanúnach do dhlíodóirí, oiliúint i dteicnící dea-chleachtais ó thaobh bainistíocht tionscadal de, clár meantóireachta lena bhforbraítear léargas agus scileanna boga a chomhlánaíonn oiliúint eolais agus scileanna.
177. Thar an tréimhse atá le teacht, leanfaimid le forbairt ár ndaoine a fheabhsú agus le hinniúlachtaí agus le heolas a fhorbairt laistigh de ComReg.

7.2 Próisis rialála agus chinnteoireachta atá tráthúil agus láidir a chumasú

178. Is é is aidhm do phróisis rialála agus chinnteoireachta ComReg cinntí córa neodracha

a dhéanamh, cinntí atá bunaithe ar chúiseanna láidre agus ar dhea-bhreithiúnas agus a dtacaíonn fianaise agus anailís atá ábhartha agus láidir leo. Is é is aidhm do na próisis sin bheith trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach freisin. Ar deireadh, ní mór do na próisis agus do na cinntí bheith in ann grinnscrúdú breithiúnach a sheasamh.

179. D'fhonn cinntí tráthúla a dhéanamh, is gá dúinn acmhainní a leithdháileadh go héifeachtach ar ghníomhaíochtaí éagsúla cinnteoireachta. Tá ár bpróisis phleanála deartha chun amscálaí réalaíochta a shocrú, amscálaí a léiríonn na hacmhainní atá ar fáil. Tugaimid aird ar leith ar an ngá atá le solúbthacht a bheith ann ionas gur féidir freagairt d'imeachtaí gan choinne ar nós cumasc beartaithe nó imeachtaí dlí.
180. Thar an tréimhse atá le teacht, leanfaimid lenár bpróisis chinnteoireachta agus lenár bpróisis leithdháileadh acmhainní a fhorbairt.

7.3 A éifeachtaí agus a éifeachtúla atá próisis ghnó ComReg a fheabhsú

181. Mar aon le cinnteoireacht rialála, tá roinnt próisis eile i bhfeidhm ag ComReg, próisis atá ríthábhachtach maidir lenár sainordú a chomhlíonadh. Áirítear leo sin ceadúnú do chatagóirí éagsúla d'úsáideoir speictrim, soláthraithe seirbhísí ardráta a cheadúnú, sonraí ar ghnólachtaí údaraithe a choinneáil, pleananna uimhrithe a bhainistiú, sonraí margaidh a bhailiú agus a fhoilsiú, ceisteanna agus gearáin tomhaltóirí a láimhseáil agus monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí rialála ag gnólachtaí. Ina theannta sin, tá próisis eagrúcháin againn, cosúil leo siúd atá i bhfeidhm d'acmhainní daonna agus d'airgeadas.
182. Tá borradh ag teacht faoin ualach oibre a bhaineann leis na próisis sin. Gach bliain, eisimid níos mó ceadúnas, láimhseálaimid níos mó gearán, déanaimid imscrúdú ar níos mó cásanna a

bhaineann le trasnaíocht speictrim agus déanaimid raon níos leithne de shonraí margaí a bhailiú agus a fhoilsiú. Mar is amhlaidh i gcás gníomhaireachtaí eile earnála poiblí, áfach, téann srianta acmhainní i bhfeidhm ar ComReg agus an sainordú atá aige á chomhlíonadh aige.

183. Mar aon le héifeachtacht níos fearr, teastaíonn tuilleadh táirgiúlachta agus éifeachtúlachta ón gcúlra oibriúcháin sin. Leanfaimid lenár gclár um thionscnaimh forbartha eagraíochta ar mhaithe le feabhas a chur ar fheidhmíocht laistigh de na srianta acmhainní atá ann. Ar na tionscnaimh atá déanta cheana féin agus na tionscnaimh atá ar siúl faoi láthair, tá feidhmeanna neamhlárnacha a sheachfhoinisí, feabhas a chur ar thacaíocht TF do thionscadail rialála agus inmheánacha, ollstór sonraí a chruthú do na sonraí uile a bhaineann leis an margadh, cianmhonatóireacht ar an speictream raidió a chur chun feidhme, suíomhanna Gréasáin éagsúla ComReg a chomhdhlúthú agus sineirge a bhaint amach le hÚdarás Craolacháin na hÉireann i ndáil le feidhmeanna cúloifige.
184. Dá bhrí sin, leanfaimid le deiseanna breise a shainathint agus a chur chun feidhme chun feabhsuithe a bhaint amach ar a éifeachtúlacht agus ar a éifeachtaí atáimid.

7.4 Eolas a dhéanamh do thimpeallacht náisiúnta agus idirnáisiúnta rialála a fhorbairt

185. Téann na cinntí a dhéantar ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta i bhfeidhm ar an gcumas atá ag ComReg a spriocanna a chomhlíonadh. Téann cuid de na cinntí sin i bhfeidhm go díreach ar an sainordú atá againn – mar shampla, freagrachtaí nó cumhachtaí breise a thabhairt dúinn. Bíonn tionchar tábhachtach ag cinntí eile ar an timpeallacht ina n-oibrímid – mar shampla, cinntí a dhéantar ar chomhchuíbhíú idirnáisiúnta an leithdháilte speictrim.

186. Ar leibhéal náisiúnta, oibrímid le páirtithe leasmhara ionas go gcuirfear feabhas ar a éifeachtaí atáimid agus ár spriocanna á saothrú againn. Mar shampla, féachaimid le bheith ag obair leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí agus athbhreithniú á dhéanamh aige ar na cumhachtaí forfheidhmithe agus comhlíonta atá ag rialálaithe eacnamaíocha.
187. Ar leibhéal idirnáisiúnta, freastalaíonn ComReg ar chomhlachtaí cruinnithe agus/nó tugann sé faisnéis do rannpháirtithe sna comhlachtaí cruinnithe sin, Meithleacha na Comhairle Eorpaí, BEREC, RSPG agus CEPT ina measc.

7.5 Rannpháirtíocht a éascú chun a chinntiú go dtuigeann páirtithe leasmhara gach a ndéanaimid

188. Is é rannpháirtíocht an chéad chéim maidir lena chinntiú go dtuigeann páirtithe leasmhara gach a ndéanaimid. Gné bhunúsach de rialáil is ea rannpháirtíocht éifeachtach le páirtithe leasmhara. Cuireann rannpháirtíocht ar chumas ComReg tuiscint níos fearr a ghnóthú ar ionchais ár bpáirtithe leasmhara, tugann sí eolas dár gcuid oibre, cuireann sí feabhas ar ár gcinntí rialála agus tugann sí deis do ComReg freagairt go cuí. Féachann ComReg i gcónaí le rannpháirtíocht a dhéanamh lena pháirtithe leasmhara uile.
189. Oibríonn ComReg i dtimpeallacht chasta dhinimiciúil. I measc daoine eile, áirítear lenár bpáirtithe leasmhara tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide leictreonaí, aonáin údaraithe, ranna rialtais, rialálaithe eile, Coistí Oireachtais, corparáidí móra, frontair bheaga agus mheánmhéide, an AE agus roinnt comhlachtaí idirnáisiúnta éagsúla eile. Tá rún daingean ag ComReg rannpháirtíocht a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara sin. Cothaíonn gníomhaíocht for-rochtana den sórt sin tacaíocht tábhachtach don sainordú agus don mhisean atá ag ComReg.



Iarscríbhinn 1: Acrainmneacha agus Giorrúcháin

Acrainmneacha agus Giorrúcháin

AE	An tAontas Eorpach
BAI	Údarás Craolacháin na hÉireann
BEREC	Comhlacht na Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach
BSL	Líonraí Cumarsáide Leictreonaí
ccTLD	Fearann Barrleibhéil cód tíre
CEN	An Coiste Eorpach um Chaighdeánú
CENELEC	An Coiste Eorpach um Chaighdeánú Leictreicniúil
CEPT	Comhdháil Eorpach na Riarachán Poist agus Teileachumarsáide
CERP	An Coiste Eorpach um Rialáil Poist
COCOM	Coiste Cumarsáide (an AE)
ECAS	Seirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála
ECN	Líonra Cumarsáide Leictreonaí
ECS	Seirbhís Cumarsáide Leictreonaí
ERGP	An Grúpa Rialálaithe Eorpacha do sheirbhísí poist
ETSI	Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide
FTTH	Líonra Snáithín chuig an Teach
GATS	Comhaontú Ginearálta ar Thrádáil i Seirbhísí
GDP	Olltáirgeacht Intíre
HHI	Treoiruimhir Herfindahl-Hirschmann
IP	Prótacal Idirlín
IPTV	Teilifís Phrótacal Idirlín
ITU	An tAontas Idirnáisiúnta Teileachumarsáide
MMDS	Córas Dáilte Micreathoinne Ilphointe
MMS	Seirbhís Teachtaireachtaí Ilmheán
MVNO	Líonra Fíorúil Móibleach
NBP	An Plean Náisiúnta Leathanbhanda
NCA	An Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí
NGA	Rochtain na Chéad Ghlúine Eile
OECD	Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta
OTT	Seirbhísí os cionn na seirbhíse Idirlín
PRS	Seirbhísí Ardráta
RCFAN	An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
RSCOM	An Coiste um Speictream Raidió
RSPG	An Grúpa Beartais um Speictrim Raidió
SMP	Cumhacht Shuntasach sa Mhargadh
SMS	Seirbhís Gearrtheachtaireachtaí
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
UHF	Ultra-Ardmhinicíocht
UPU	An tAontas Uilíoch Poist
VDSL	Líne Dhigiteach Rannpháirtí ráta giotáin an-ard
WTO	An Eagraíocht Dhomhanda Trádála



Iarscríbhinn 2: Tábla Fíoracha agus Táblaí

Tábla Fíoracha agus Táblaí

Fíor	Leathanach
Fíor 1: Léaráid um Shracfhéachaint ar an Straitéis	10
Fíor 2: Síntiúis mhéadaitheacha mhiondíola 2011 - 2014	14
Fíor 3: Tá praghsanna cumarsáide ag laghdú níos mó ná praghsanna foriomlána do thomhaltóirí	15
Fíor 4: Líon ard gearán ó thomhaltóirí le déanaí	15
Fíor 5: Cineálacha gearán ó thomhaltóirí (gan gearáin PRS a áireamh)	15
Fíor 6: GDP agus Ioncam Cumarsáide laghdaitheach 2011 - 2013	16
Fíor 7: Comhdhlúthachtaí laghdaitheacha margaidh miondíola 2011 - 2014	17
Fíor 8: Infheistíochtaí méadaitheacha teileachumarsáide 2010 - 2012	18
Fíor 9: Síntiúis Leathanbhanda Sheasta idir Ráithe 1, 2012, agus Ráithe 1, 2014	17
Fíor 10: Fás ar úsáid na sonraí móibíleacha	18
Fíor 11: Glacadh méadaitheach táirgí seirbhíse triaraí in Éirinn, 2012 - 2014	20
Fíor 12: Príomhthorthaí agus Dúshlán ComReg	25
Fíor 13: Sprioc Ardleibhéil, Príomhdhúshlán agus Tosaíochtaí ComReg ó thaobh Tomhaltóirí de	27
Fíor 14: Teagmhálacha arna ndéanamh le foireann ComReg um chúram do chustaiméirí	34
Fíor 15: Sprioc Ardleibhéil, Príomhdhúshlán agus Tosaíochtaí ComReg ó thaobh lomaíochta de.	37
Fíor 16: Sprioc Ardleibhéil, Príomhdhúshlán agus Tosaíochtaí ComReg ó thaobh Nuálaíochta, Infheistíochta agus an Mhargaidh Inmheánaigh de.	43
Fíor 17: Sprioc Ardleibhéil, Príomhdhúshlán agus Tosaíochtaí ComReg ó thaobh forbairt eagraíochta de.	49
Fíor 18: An Creat Leathan ina n-oibríonn ComReg	57
Fíor 19: Achoimre ComReg ar Fheidhmeanna, Chuspóirí agus Prionsabail Rialála ComReg	58

Tábla	Leathanach
Tábla 1: Clúdach rochtain na glúine reatha agus na chéad ghlúine eile laistigh de LEA agus lasmuigh de	14



Iarscríbhinn 3: Forbhreathnú ar Chreat ComReg

Forbhreathnú ar Chreat ComReg

Oibríonn ComReg laistigh de chreat leathan a chuimsíonn comhlachtaí náisiúnta, comhlachtaí Eorpacha agus comhlachtaí idirnáisiúnta a ndéanann ComReg teagmháil leo agus a gcomhoibríonn ComReg leo. Léirítear an creat sin i bhFíor 18.

Fíor 18: An Creat Leathan ina n-oibríonn ComReg.



Achoimre ar fheidhmeanna¹ ComReg i dtaca le Cumarsáid Leictreonaí²

1. Le haghaidh soláthar ECS, ECN agus áiseanna gaolmhara (Cumarsáid Leictreonach) agus rochtana orthu siúd agus le haghaidh an tarchuir sheirbhísí ar na líonraí sín:
 - A chinntiú go bhfuil gnólachtaí ag comhlíonadh oibleagáidí maidir le soláthar, rochtain agus tarchur
 - ábhair a bhaineann le soláthar, rochtain agus tarchur a imscrúdú
 - faisnéis ó ghnólachtaí a bhaineann le soláthar agus tarchur a bhailiú, a thiomsú, a bhaint, a scaipeadh agus a fhoilsiú
2. An speictream raidiamhnicíochta agus an acmhainn uimhríthe náisiúnta a bhainistiú
3. Monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht agus ar éifeachtúlacht na seirbhíse freagartha glaonna éigeandála (ECAS)
4. Le haghaidh soláthraithe seirbhísí ardráta (PRS):
 - a chinntiú go gcomhlíonann soláthraithe PRS na hoibleagáidí atá orthu maidir le soláthar, le hábhar agus le cur chun cinn na seirbhísí ardráta
 - ábhair a bhaineann le soláthar, le hábhar agus le cur chun cinn na seirbhísí ardráta a imscrúdú
5. Comhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhaontaíthe frith-iomaíochta agus mí-úsáidí as seasamh ceannasach a imscrúdú, lena n-áirítear soláthar ECN, ECS nó áiseanna gaolmhara³
6. An córas clárúcháin ainm fearainn '.ie' a rialáil⁴.
7. Comhlíonadh daoine a chinntiú, de réir mar is cuí, maidir le trealamh cumarsáide a chur ar an margadh agus le trealamh raidió a chur ar an margadh agus é a chur i seirbhís.

1. Alt 10 de na hAchtanna um Rialáil Cumarsáide 2002 - 2011 mura luaitear a mhalairt.
2. Áirítear le tagairt do "Chumarsáid Leictreonach" sa doiciméad seo tagairt do sheirbhísí cumarsáide leictreonaí (ECS), do líonraí cumarsáide leictreonaí (ECN) agus d'áiseanna gaolmhara (mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Rialáil Cumarsáide 2002 - 2011), mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt.
3. Alt 31 den Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007
4. Alt 21 den Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007.

Achoimre ar chuspóirí ComReg i dtaca le Cumarsáid Leictreonaí⁵

AGUS NA FEIDHMEANNA THUAS Á gCOMHLÍONADH, IS IAD CUSPÓIRÍ COMREG:

1. I dtaca leis an soláthar Cumarsáide Leictreonaí:
 - a. iomaíocht a chur chun cinn;
 - b. cur le forbairt an mhargaidh inmheánaigh; agus
 - c. leasanna na n-úsáideoirí laistigh den Chomhphobal a chur chun cinn
2. bainistiúocht éifeachtúil agus úsáid as an speictream radaimhnicíochta agus as an scéim uimhríthe náisiúnta sa Stát a chinntiú
3. leasanna úsáideoirí deiridh na seirbhísí ardráta a chosaint.

I dtaca le (1), gach beart réasúnach atá dírithe ar na cuspóirí a bhaint amach a dhéanamh, lena n-áirítear:

(a) Iomaíocht a chur chun cinn

- a chinntiú go ndéanann úsáideoirí, lena n-áirítear úsáideoirí faoi mhíchumas, úsáideoirí scothaosta agus úsáideoirí ag a bhfuil riachtanais speisialta shóisialta, an leas is mó a bhaint ó thaobh rogha, praghais agus cáilíochta de
- a chinntiú nach bhfuil saobhadh ná srianadh iomaíochta san earnáil chumarsáide leictreonaí, lena n-áirítear sa tarchur ábhair
- úsáid éifeachtúil a spreagadh agus bainistiúocht éifeachtach na minicíochtaí raidió agus na n-acmhainní uimhríthe a chinntiú

5. Alt 12 de na hAchtanna um Rialáil Cumarsáide 2002 go 2011 agus Rialachán 16 de Rialachán an Chreata (I.R. Uimh. 333 de 2011).

(b) Cur le forbairt an mhargaidh inmheánaigh

- na bacainní fágtha le soláthar na Cumarsáide Leictreonaí ag leibhéal an Chomhphobail a bhaint
- bunú agus forbairt na líonraí tras-Eorpacha agus idir-inoibritheacht na seirbhísí trasnáisiúnta agus na nascachta ó cheann ceann a spreagadh
- comhoibriú le húdaráis rialála náisiúnta (NRAnna) um chumarsáid leictreonach i mBallstáit eile, leis an gCoimisiún Eorpach agus le BEREC ar bhealach follasach chun a chinntiú go bhforbraítear cleachtas comhsheasmhach rialála agus go gcuirtear dlí an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm go comhsheasmhach i réimse na cumarsáide leictreonaí

(c) Leasanna na n-úsáideoirí a chur chun cinn laistigh den Chomhphobal

- a chinntiú go bhfuil rochtain ar sheirbhís uilíoch ag gach úsáideoir
- ardleibhéal cosanta a chinntiú do thomhaltóirí ina ndéileálacha le soláthraithe
- cur le hardleibhéal cosanta sonraí pearsanta agus príobháideachta pearsanta a chinntiú
- an soláthar faisnéise soiléire a chur chun cinn, lena n-áirítear follasacht taraifí agus coinníollacha chun úsáid a bhaint as ECS atá ar fáil go poiblí a éileamh
- rochtain ar an Idirlíon ar chostas réasúnach d'úsáideoirí a spreagadh
- aghaidh a thabhairt ar na riachtanais atá ag grúpaí sóisialta ar leith, go háirithe úsáideoirí faoi mhíchumas, úsáideoirí scothaosta agus úsáideoirí ag a bhfuil riachtanais shóisialta ar leith
- a chinntiú go gcoimeádtar sláine agus slándáil na líonraí cumarsáide poiblí
- cur chun cinn a dhéanamh ar an gcumas atá ag úsáideoirí deiridh chun rochtain ar fhaisnéis agus í a dháileadh nó chun úsáid a bhaint as na feidhmchláir agus na seirbhísí is mian leo

Achoimre ar phrionsabail rialála i dtaca le Cumarsáid Leictreonaí⁶

Agus a chuspóirí á saothrú aige, ní mór do ComReg prionsabail rialála atá oibiachtúil, follasach, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear trí na nithe seo:

- intuarthacht rialála a chur chun cinn
- déileáil neamh-idirdhealaitheach soláthraithe ECN agus ECS a chinntiú
- iomaíocht a chosaint ar mhaithe le tomhaltóirí agus iomaíocht bhonneagair a chur chun cinn nuair is cuí
- infheistíocht agus nuálaíocht éifeachtúil i mbonneagar nua agus i mbonneagar feabhsaithe a chur chun cinn
- aird chúí a thabhairt ar na coinníollacha éagsúla a bhaineann le hiomaíocht agus le tomhaltóirí atá i limistéir gheografacha éagsúla laistigh den Stát
- oibleagáidí rialála ex-ante a fhorchur i gcásanna riachtanacha amháin

6. Rialachán 16(2) de Rialachán an Chreata (I.R. Uimh. 333 de 2011)

An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide

Bloc DEF,
Cúirt na Mainistreach,
Ionad Irish Life,
Sráid na Mainistreach Íochtarach,
Baile Átha Cliath 1

Teil: +353 1 8049600

Facs: +353 1 8049680
